

SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

Ag obair i dtreo

# todhchaí fuinnimh atá níos glaine

Tuarascáil Bhliantúil **2018**

# Is í an fhís atá againn ná go mbeidh an fuinneamh in Éirinn inbhuanaithe, slán, inacmhainne agus glan.



## Ár dTionchar

Ráiteas an Chathaoirligh 04
Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach 06
Gnóthachtálacha don Bhliain 2018 08
An Fuinneamh a Athrú ó Bhonn 12
Léargas ar 2018 22

## Rialachas

An Rialachas Corparáideac 26
Tuairisc Éifeachtúlachta 30

## Airgeadas

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 34
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 42
Ráiteas maidir le Rialacháin Inmheánaigh 44
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe 46
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 47
Ráiteas ar Staid an Airgeadais 48
Ráiteas ar na Sreafaí Airgid 49
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 50



Tá cead aighnis againn go léir maidir leis

# gcuma a bheidh ar ár dtodhchaí fuinnimh

# Ráiteas an Chathaoirligh



*"Leanfaimid ar aghaidh ag dul i mbun teagmhála le pobail, le tionscail, le rialtóirí agus leis an Rialtas chun a chinntiú gurb ar bhealach atá inbhuanaithe agus cothrom a gcuirfear an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin i gcrích."*

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2018 á foilsiú againn ag am atá an-tráthúil ar fad. Tá an t-athrú aeráide ina ábhar mór cainte agus aithnítear, níos mó ná mar a rinneadh riamh go dtí seo, go bhfuil sé mar riachtanas eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.

Labhair an nádúraí An Tiarna David Attenborough le UNFCC COP24 in Katowice na Polainne i mí na Nollag 2018, agus d'inis dúinn gurb é an t-athrú aeráide an bagairt is mó don chine daonna leis na mílte blianta'. Is rud é an bhagairt sin a bhíonn tuiscint ag an aos óg air agus a mbíonn siad eagla roimhe freisin. De réir a chéile, tá an scéal ag athrú ionas go bhfuil an tuiscint sin ag na glúnta uile agus go bhfuil sé le fáil gach uile áit ar fud na cruinne. Go hidirnáisiúnta, chonacthas an t-ardú ollmhór i ngníomhaíochtaí óige maidir le saincheisteanna athraithe aeráide agus le tuiscint mhéadaithe go gcaithfear aghaidh a thabhairt air seo anois chun a chinntiú go mbeidh tionchar dearfach againn do na glúine atá le teacht. Tá na meáin ag freagairt le clúdach níos minice agus níos eolaí.

I gcomhthéacs Éireannach, tá suntasacht náisiúnta tar éis a bheith tarraingthe ar an athrú aeráide le roinnt de na himeachtaí. I mí an Mhárta 2019, d'fhoilsigh an Comhchoiste Oireachtais speisialta um Ghníomhú ar son na hAeráide, an tuarascáil deiridh dá chuid tar éis roinnt mhaith díospóireachta, mar fhreagra ar phlé a rinneadh i dTionóil na Saoránach. Is léir ó anailís an SEAI, sna réamh mheastacháin fuinnimh is deireanaí, nach gcomhlíonfaidh Éire leis na spriocanna ceangailteacha an AE don bhliain 2020 maidir leis an fhuinneamh in-athnuaite nó maidir le laghduithe astaíochtaí ach oiread. Tá an sáinn ina bhfuilimid faoi láthair, chomh maith leis an freagra úrnua atá de dhíth, leagtha amach sa Phlean um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide 2019 Chun dul i nGleic le Teip Aeráide. Leis an bplean uaillmhianach seo, beifear in ann an t-athrú céimneach atá de dhíth a sheachadadh chun a chinntiú go gcomhlíonann Éire lena a cuid oibleagáidí amach anseo. Tá clár mór athraithe leagtha amach ann a bhaineann le gach uile réimse den tsochaí agus den gheilleagair chomh maith le spriocanna soiléire agus treochlár chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Ní mór an ghníomhaíocht a thabhairt ar aghaidh, thar an gcéim ina mbítear ag caint agus ag díospóireacht agus an fhíorghníomhaíocht leanúnach a chur i gcrích. Tá saoránaigh atá chumhachtaithe agus an t-athrú iompraíochta i gcroílár an bhealach chun an t-athrú ó bhonn atá de dhíth a chur ar aghaidh. Aithníonn an SEAI an tábhacht a bhaineann leis an saoránach inár n-aistriú go geilleagar ísealcharbóin, ní hamháin mar ghlacadóir teicneolaíochta ach mar phríomhchumasóir agus mar rannpháirtí níos gníomhaí sa mhargadh fuinnimh.

**Cuimsítear leis an fhuinneamh inbhuanaithe gach uile ghné dár saol laethúil agus éilíonn sé cur chuige ilghnéitheach.**

Tá gníomhartha an-dearfacha curtha i bhfeidhm in Éirinn cheana féin agus tá an Tuarascáil Bhliantúil seo mar fhianaise ar thiomantas an Rialtais. Leagtar amach inti conas a d'infheistigh an SEAI €120 milliún d'airgead poiblí i dtionscadail agus i dtionscnaimh a bhaineann leis an fhuinnimh inbhuanaithe. Thacaigh an SEAI le huasghrádú fuinnimh tí, le héifeachtúlacht fuinnimh gnó, le gníomhaíocht san earnáil phoiblí, le ceannacháin feithiclí leictreacha agus le taighde ar réitigh fuinnimh nuálacha an lae amárach. Bhí ról lárnach ag an SEAI freisin maidir le gréasán náisiúnta de phobail fuinnimh ghníomhacha a fhás. Leanfaimid ar aghaidh ag dul i mbun teagmhála le pobail, le tionscail, le rialtóirí agus leis an Rialtas chun a chinntiú gurb ar bhealach atá inbhuanaithe agus cothrom a gcuirfear an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin i gcrích.

In éineacht leis an éifeachtúlacht mhéadaithe, ní mór dúinn dul chun cinn práinneach a bhaint amach maidir leis an téamh in-athnuaite san earnáil chónaithe agus tráchtála mar go mbeidh sé sin mar phríomhghné le go mbeidh Éire in ann spriocanna sonracha a bhaint amach. Is forbairt í an dara céim den Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite le déanaí, a bheidh á riaradh ag an SEAI, a bhfuilimid sásta fúithi.

D'aithin an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, agus a hAthbhreithniú 2019 ar Bheartais Fuinnimh na hÉireann á chur i láthair aici, go raibh Éire ina ceannaire domhanda maidir le comhtháthú córas in-athnuaite, ag eascairt as beartas agus tiomantas láidir don nuálaíocht, d'ainneoin an géarghá le bearta aeráide breise chun Éire a fháil ar ais ar aghaidh le haghaidh spriocanna fadtéarmacha.

Is féidir poist áitiúla a chruthú agus infheistíocht isteach a spreagadh leis an fhorbairt d'fhoinsí in-athnuaite in Éirinn agus tá sé riachtanach chun tacú leis an aistriú go geilleagar inbhuanaithe. Beidh leas a bhaint as acmhainní fuinnimh aigéin na hÉireann, agus go háirithe an acmhainn nádúrtha atá againn i ngaoth amach ón gcósta a sheachadadh, ríthábhachtach chun spriocanna a bhaint amach do 2030 agus níos faide anonn.

Ní mór dúinn freisin oibriú le chéile chun bealaí taistil a chur chun cinn nach mbíonn ag brath an méid sin ar an gcarbóin, mar shampla an rothaíocht, an tsiúil agus an t-iompar poiblí, chomh maith le feithiclí leictreacha le haghaidh úsáid gluaisteán príobháideach agus flíteanna tráchtála araon.

Tá an SEAI lárnach don aistriú go dtí an fhuinnimh inbhuanaithe in Éirinn agus is mar chatalaíoch don athrú ó bhonn sin chomh maith. Táimid go hiomlán tiomanta do Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide atá ag an Rialtas agus cuirimid fáilte roimh an tosaíocht agus an infheistíocht mhéadaithe atá tugtha don éifeachtúlacht fuinnimh agus don fhuinneamh in-athnuaite. Oibreoimid go dícheallach lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil agus déanfaimid iarracht a chinntiú go bhfuil an SEAI struchtúrtha i gceart agus go mbeidh acmhainní aige chun freastal go díreach ar na héilimh a gcuirtear air agus a bhfuil an líon díobh ag fás.

Arís eile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar Bhord an Údaráis as an tacaíocht a thug siad le linn 2018. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don cheannaireacht den scoth atá tugtha ag ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Jim Gannon, le linn tréimhse atá an-dúshlánach don SEAI agus sinn ag déanamh iarracht freastal ar ár bpríomhchuspóirí straitéiseacha náisiúnta. Mar gheall ar a thiomantas agus a fheidhmíocht féin, chomh maith le tiomantas agus feidhmíocht a fhoireann bhainistíochta agus a fhoireann táthar tar éis a dheimhniú go bhfuil torthaí suntasacha bainte amach ag an eagraíocht le linn 2018.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus lena oifigigh Rannacha as a dtacaíocht leanúnach don SEAI agus sinn ag obair i ndlúthchomhar ar son an athruithe aeráide. ag an bpointe criticiúil seo don athrú aeráide. Dúshlán is ea a bhfuilimid ag súil go mór leis agus a mbeimid bródúil as a thabhairt.

Julie O'Neill

**Julie O'Neill /** Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

# Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach

Mar údarás fuinnimh náisiúnta na hÉireann, táimid ag obair go dian leis an Rialtas, muintir na tíre, gnólachtaí agus pobail chun todhchaí fuinnimh níos glaine a bhaint amach.

Is é éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh an bealach is éifeachtaí ó thaobh costais de chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus ár n-iomaíochas a mhéadú; laghdaíonn sí ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus an neamhchosaint eacnamaíoch dhúchasach a ghabhann leis. Cé gur príomhthosaíocht é seo i gcónaí, tá uaillmhian suntasach ag Éirinn chomh maith le deis ollmhór chun leas a bhaint as ár n-acmhainní fuinnimh in-athnuaite náisiúnta.

Gach bliain, infheistíonn SEAI céatadán suntasach den bhuiséad a thugann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil dúinn i ngeilleagar na hÉireann. Déanaimid amhlaidh trí raon clár deontais agus clár eile, chun éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh a sholáthar agus ár ngeilleagar a dhícharbónú. Spreagann na gníomhartha seo fás geilleagrach agus fostaíocht inár ngeilleagar. Trí chláir a riar SEAI anuraidh, infheistíodh €86 mhilliún in uasghráduithe fuinnimh ar fhoirgnimh, infheistíocht a thacaigh le os cionn 2,000 post. Ar cheann de na buntáistí neamhdhíreacha tábhachtacha de sin, áirítear an fás suntasach ar líonra ár bpobal fuinnimh agus muid ag iarraidh an t-eolas agus an tacaíocht a theastaíonn ó shaoránaigh na hÉireann a chur ar fáil ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoin aistriú go dtí an maireachtáil ísealcharbóin. Leanamar ar aghaidh d'úsáid a bhaint as an líonra seo chun dul i dteagmháil le níos mó ná 230 pobal agus eolas agus tacaíocht deontais a thabhairt dóibh, agus ar an dóigh sin chuireamar ar a gcumas leas a bhaint as na buntáistí a bhaineannle héifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh.

Chomh maith lenár gclár caipitil, tá sainordú ag SEAI tacaíocht a thabhairt don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ó thaobh anailís bheartais, réamhaisnéisnithe agus samhaltaithe de. De réir mar a dhruideann Éire leis an mbliain 2020 agus a thosaíonn sí ag pleanáil an bhealaigh i dtreo na bliana 2030, tá sé ríthábhachtach go leanaimid ar aghaidh ag neartú an róil seo mar fhreagairt do Bheartas Eorpach a bhíonn ag athrú agus do na dúshláin aeráide atá le sárú againn. Is sainordú é atá ina chuid dhílis dár gcuid oibre. Baineann sé leas as an rochtain dhosháraithe atá againn ar shonraí agus réamhaisnéisniú a bhaineann le fuinneamh, as taithí ar athruithe a spreagadh le saoránaigh agus leis an lucht tionscail agus as taithí a bhaineann le beartas fíorshaoil a chur i bhfeidhm, ar réimse é lena mbaineann deacrachtaí in amanna. Agus an ról reachtúil seo á ghlacadh againn, leanaimid orainn ag obair i gcomhar lenár máthair-roinn agus le ranna rialtais eile chun tacú lena bpróisis chinnteoireachta agus beartais. Agus é ag tacú le forbairt Dhréachtphlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÉireann; agus le Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais chun Dul i nGleic le Teip Aeráide, tá an SEAI lárnach i gcónaí chun tacú le Ranna Rialtais a n-uaillmhianta aeráide a chur in iúl agus a bhaint amach.

Le linn 2018, ghlac SEAI ról lárnach i dtaighde agus nuálaíochta rinneadh san earnáil fuinnimh in Éirinn. Ar leibhéal idirnáisiúnta, leanamar lenár ról mar thoscaire náisiúnta don chlár Fís 2020, agus ar an dóigh sin chabhraíomar le réimsí nua tosaíochta a shainaithint d'Éirinn agus don Eoraip araon. Ag an am céanna, táimid ag leanúint ar aghaidh ag glacadh páirt i nGníomhaireachtaí Fuinnimh Idirnáisiúnta agus i bhfóraimde chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh ina bpléitear an dea-chleachtas san aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine. Maidir lenár gcuid oibre sa tír seo, bhronnamar deontais ar bhreis is 50 tionscadal taighde agus forbartha i raon earnálacha fuinnimh inmharthana. Rinneamar dul chun cinn ag an am céanna ar ár gcuid oibre ar fhorbairt fiontríochta i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus leis an Údarás Forbartha Tionscail.



*"Leanamar ar aghaidh d'úsáid a bhaint as an líonra seo chun dul i dteagmháil le níos mó ná 230 pobal agus eolas agus tacaíocht deontais a thabhairt dóibh, agus ar an dóigh sin chuireamar ar a gcumas leas a bhaint as na buntáistí a bhaineannle héifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh."*



Maidir le fuinneamh in-athnuaite, tá tacar uathúil acmhainní agus deiseanna ag Éirinn nach mór dúinn a úsáid ar bhealach cuí aibí. Le linn 2018, leanadh ar aghaidh le feabhas a chur ar úsáid teicneolaíochtaí leictreachais in-athnuaite. Go deimhin, i mí Eanáir in 2018, ba é an príomhfhoinse don leictreachas a úsáidimid ná an ghaoth - a sháraigh an gás agus breoslaí iontaise eile. D'ainneoin an dhul chun cinn maith seo, is é is dóichí nach n-éireoidh linn ár spriocanna fadtréimhseacha i ndáil le 2030 a bhaint amach má ghlactar cur chuige gnó mar is gnách. Is tuairim í sin a dtacaítear léi sa mhionanailís lena gcomhlíontar ár sainordú náisiúnta ó thaobh réamhaisnéisiú fuinnimh de. Le linn na bliana 2018, lean SEAI ar aghaidh ag cabhrú leis roinnt ranna éagsúla le bearta agus beartais níos éifeachtaí a dhearadh chun tuilleadh gníomhaíochta a spreagadh sna réimsí um leictreachas, teas agus iompar in-athnuaite.

Mar fhocal scoir, tá sé ríthábhachtach tiomantas agus díograis ár bhfoirne agus treoir ár mBoird a aithint sa tuarascáil seo; bhí orthu aghaidh a thabhairt ar athrú gan réamhshampla i rith an dá bhliain seo caite fad a mhéadaíomar ár ngníomhaíocht ionas go mbeidh ár n-obair ag teacht le huaillmhian na hÉireann atá ag fás. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo as amhlaidh, agus táim ag tnúth le hoibriú leo fad a mhéadóidh tionchar ár n-oibre sna blianta atá amach romhainn.

**Jim Gannon** / Príomhfheidhmeannach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

# Cuid dár nGnóthactálacha in 2018

**2,000 deontas**

d'fheithiclí leictreacha nua

**€10 milliún**

geallta do bhreis is 50 tionscadal taighde agus nualaíochta

**266 FBM & feirmeacha**

a fuair €1 milliún san iomlán le haghaidh uasghrádaithe soilsithe agus éifeachtúlachta

**€13.5 milliún**

infheistithe i 69 tionscadal

i gcomhoibrithe móra san earnáil phoiblí i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna



**21,350**

uasghrádú ar fhuinneamh 5,710 baile á thacú lena n-áirítear

**235** ball líonra fuinnimh inbhuanaithe,

a ionadaíonn breis agus 10,000 saoránach

**98,500**

Rátáil Fuinnimh Foirgneamh cónaithe agus tráchtála foilsithe

**17** mór thuarascálacha staitistiúla agus anailíse beartais

**58,000**

dalta a ghlac

i gclár na scoileanna SEAI





# Tá an fuinneamh glan ríthabhach

do shláinte agus do leas na tíre seo againne agus na glúnta ata fós le teacht

# Tá an SEAI ag cuidiú leis an úsáid fuinnimh a bheith athruithe ó bhonn ó cheann ceann na tíre



*Rinneadh baile Fiona Devine a uasghrádú a bhuíochas le dheontas fuinnimh baile.*

## Athrú Baile d'Fhiona Devine i gContae na Mí

Cheannaigh Fiona agus a fear céile dteachín a raibh drochbhail air i dTeamhair, Contae na Mí in 2014. Tar éis roinnt ama ina chónaí ann agus an riocht a bhí air ón tús fós air, bheartaigh sí ar a teach a uasghrádú.

"Roimhe seo, bhí theachín dhá sheomra leapa ina raibh seomra folctha an-lochtach, bhí sé fuar, tais agus anois, ní féidir liom fiú cur síos a dhéanamh air. Tá sé mar a bheimis ag maireachtáil i mbrionglóid", arsa Fiona.

Mar chuid den athchóiriú tí, fuair Fiona deontas ón SEAI le haghaidh insliú ballaí inmheánacha, insliú áiléir agus rialtáin téimh.

Tá Fiona den tuairim go bhféadfá breathnú ar an deontas ón SEAI mar rud beag i gcomhthéacs an chostais iomlán atá i gceist agus uasghrádú á dhéanamh agat ach tarraingíonn sí béim ar an cuidiú mór gur féidir a bheith i gceist leis ag an am céanna. Deir sí, "is é an difríocht idir an fearas atá agat i do chistin, nó, an bhfuil a fhios agat, rud éigin ag cúl do chistine, ná gur féidir leat a rá gur cheannaigh 'tú leis an deontas é sin' nó gurbh fhéidir linn uasghrádú a dhéanamh ar insliú níos fearr mar gheall air".

Agus í ag labhairt faoin uasghrádú foriomlán, a deir sí, "Ní fhéadfaimis a bheith níos sona agus tá difríocht dá leithéid déanta againn dár saol".



## Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Tionscadal EXEED

B'ionann an soilsiú agus 70% don ídiú fuinnimh i carrchlósanna ÚABÁC. Chun dul i ngleic leis seo, d'fhéach ÚABÁC ar a gcur chuige foriomlán maidir le soilsiú agus caighdeáin.

In ionad gach sean-solas a athsholáthar le leagan níos éifeachtaí, thosaigh siad ó bhonn arís agus cheistigh siad an raibh orthu soilsiú a bheith acu i ngach áit agus an cuireadh na bunpharaiméadair dearaidh i bhfeidhm i gceart.

Trí rannpháirtíocht sa chlár EXEED, chuir siad 304 soilse LED isteach sna carrchlóis ilstóir agus 386 sna carrchlóis dromchla.

Cheadaigh na torthaí don ÚABÁC coigilteas 80% a bhaint amach ar a chostais soilsithe ar an gcarrchlós. Anois is féidir leo an leibhéal soilsithe a athrú chun freastal ar an ngá oibríochtúil agus ar an acmhainn oibríochtúil ag aon am ar leith.

"Tá aiseolas an-dearfach faighte againn ó oibríochtaí carrchlóis maidir leis an gcóras nua. Tugann na soilse nua luisne álainn geal bán agus is féidir leo an soilsiú i gceantar a laghdú nó a fheabhsú ach amháin cnaipe a bhualadh. Tá daoine ag éirí níos eolaí faoin aeráid agus ar an gcomhshaol agus tá sé tábhachtach go nglacfadh cuideachtaí gníomh nuair is féidir leo chun tionchar a gcuid oibríochtaí a laghdú ", arsa Martin Mc Gonagle, Ceann Fuinnimh, Comhshaoil agus Fóntais ag ÚABÁC.

Bhí Aerfort Bhaile Átha Cliath ar cheann de na chéad eagraíochtaí a chuir a thionscadal chun cinn de réir na trí chéim de chóras deimhniúcháin EISCE SEAI - Dear, Fíoraigh agus Bainistigh.




*Thacaigh an SEAI le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath trína Chlár EXEED. Is é EXEED an clár deimhniúcháin Feabhas sa nDearadh Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh.*

## Greaney Glass, Uasghrádú soilsí LED

Is cuideachta gloinithe thráchtála teaghlaigh í Greaney Glass, a bunaíodh in 1973, agus atá ar cheann de na próiseálaithe agus dáileoirí gloine is mó sa tír.




*Tacaíodh le Greaney Glass trí scéim tacaíochta soilsithe an SEAI do FBManna.*

In 2018, mar gheall ar mhéaduithe leanúnacha i gcostais fuinnimh, chinn Greaney Glass a oibríocht a uasghrádú trí scéim tacaíochta soilsithe a reáchtáil an SEAI do FBManna.

Áiríodh leis an uasghrádú soilsithe 256 lampa LED arda a chur in ionad 516 lampa fluaraiseacha. Roimh an uasghrádú, úsáideadh 192,000 kwh in aghaidh na bliana leis na luminaire fluaraiseacha i gcomparáid leis na luminaires LED nua a úsáideann 77,000kwh in aghaidh na bliana. Is áit níos gile agus níos taitneamhaí í an mhonarcha anois chun a bheith ag obair. Tá sé níos éasca tascanna oifigbhunaithe a dhéanamh freisin, agus tá gníomhaíochtaí lasmuigh sa chlós amhail feithiclí tráchtála a luchtú níos sábháilte mar gheall ar leibhéil lucsa níos fearr.

Mar thoradh ar an uasghrádú soilsithe rinneadh coigilt leictreachais de €15,250 in aghaidh na bliana, agus sábháladh 45 tonna de $CO^2$ gach uile bhliain. Tá 260 feisteas níos lú solais anois ann, agus fágann sé sin go bhfuil gá le líon níos lú cigireachtaí.

## Baile Sláintiúil agus Teolaí do Michael O'Sullivan, Port Láirge

Cuireann an SEAI uasghráduithe fuinnimh saor in aisce ar fáil chun éifeachtúlacht fuinnimh agus teas na dtithe atá faoi úinéireacht daoine atá ar ioncam íseal agus sa lúibín bochtaineachta fuinnimh a fheabhsú.



*Uasghrádaíodh teach Michael le tacaíocht fuinnimh baile ón SEAI.*

Tá Michael, a bhí ina cheoltóir agus duine de lucht leanúna Elvis, ina chónaí i dteach an teaghlaigh i bPort Lách, Contae Phort Láirge. Tógadh a theach sna 1940idí agus ní raibh aon insliú balla nó áiléir air nuair a cheannaigh sé ar dtús é. Bhí fuinneoga gloinithe aonair ann, gan aon téamh lárnach agus gan ach tinteán sa seomra suí chun an teach a théamh.

"Nuair a thagainn isteach sa teach, bhraithinn an fuacht san iarnóin. Sa seomra suí, bhí tine oscailte agam ach bhí an chuid eile den teach an-fhuar", a deir Michael.

I measc an obair a rinneadh ar an teach, áirítear; insliú balla inmheánach a fheistiú, fuinneoga gloinithe singil a chur in ionad fuinneoga gloinithe aonair, painéil PV a shuiteáil agus caidéal teasa aer go huisce a shuiteáil.

"Is mór an difríocht a rinne an t-uasghrádú don teach. Tá sé go deas te agus táim an-sásta anois, jab breá atá ann", a deir Michael.

Athraigh an teach ó BER G go dtí BER A2. Dúirt an conraitheoir, Eoin Madigan, "Dá n-iarrfá orainn uasghrádú den chineál sin a dhéanamh deich mbliana ó shin, dúshlán a bheadh i gceist dúinn ag an am".


## GSK Dhún Garbhán, Coire Bithmhaise

Tá sprioc leagtha síos ag GSK Global maidir le neodracht charbóin faoi 2050 ach tá súil ag GSK i nDún Garbhán, Contae Phort Láirge, go mbeidh sé san áit tosaigh i bhfad roimhe sin.

Tá an chuideachta chógaisíochta seo ar cheann de na fostóirí is mó in Oirdheisceart na hÉireann, a fhostaíonn suas le 750 duine. Déanann an ionad táirgí cógaisíochta agus cúraim béil thar an gcuntar a onnmhairíonn chuig níos mó ná 70 tír ar fud an domhain.

Chun a bplean carbóin a chur i bhfeidhm, chuir GSK coire gaile bithmhaise 6-tona isteach, a ídíonn sliseanna adhmaid ag 40% taise. Soláthraíonn an coire seo gach aon úsáideoir teirmeach laistigh den láithreán. Tá an coire bithmhaise ag GSK Dhún Garbhán tar éis lorg carbóin níos mó ná 5,500 tonna $CO^2$ a ghearradh.

Léiríonn coire bithmhaise 4MW gur malairt éifeachtach ó thaobh costais é an t-aistriú ó úsáid breoslaí iontaise anois nuair a bhíonn foinsí inbhuanaithe ar fáil go forleathan.



*Tá GSK Dhún Garbhán mar bhall de Líonra Fuinnimh Tionscail Móra an SEAI.*



"Tá siad chun coigilteas suntasach a dhéanamh lena mbeidh go leor airgid i gceist faoi dheireadh na bliana agus mar sin is fiú go mór iad a dhéanamh."

Ger Cantwell, Suiteálaí



*Fuair Pat Walton deontas SEAI do theicneolaíocht folúis agus caidéil bainne atá tíosach ar fhuinneamh.*

## Uasghrádú Trealamh Feirme Déiríochta do Pat Walton, Tiobraid Árann

Le dhá bhliain anuas, tá níos mó ná 110 feirmeoir tar éis tairbhe a bhaint amach as an gcoigilteas fuinnimh agus na coigiltis costais a bhaineann le folúsfhuinneamh agus teicneolaíocht caidéil bainne athrógach atá tíosach ar fhuinneamh a athsholáthar in áit a sean-threalamh bleáin

Crúnn Pat Walton, feirmeoir déiríochta ó Bhaile an Gharraí, Contae Thiobraid Árann, 200 bó in aghaidh an lae ar a fheirm de bheagnach 250 acra. Chinn sé air caidéal folúis a fhail agus córas caidéil bainne chomh maith agus tiomántáin luais athraitheacha orthu araon toisc gur chreid sé go raibh na meaisíní nua níos ciúine agus go ndéanfadh sé airgead a shábháil dó sa todhchaí.

"Tá sé níos caoithiúla don chomhshaol, níl aon ola ann, tá sé níos glaine agus níos sábháilte. Infheistíocht atá ann ar an gcéad lá é ach thar ceithre nó cúig bliana beidh sé íoctha dó féin agus ina dhiaidh sin beidh go leor airgid á shábháil agat," arsa Pat.

Creideann Ger Cantwell, an fear a shuiteáil caidéal Pat Walton, go bhfuil deontais an SEAI an-tábhachtach mar go spreagann sé feirmeoirí dul amach agus trealamh nua a fháil, mar shampla caidéil agus mótair, rud nach bhféadfaidís a dhéanamh mura mbeadh siad i dteideal an deontais.

Is féidir leis na deontais difríocht mhór a dhéanamh: "Tá siad chun coigilteas suntasach a dhéanamh lena mbeidh go leor airgid i gceist faoi dheireadh na bliana agus mar sin is fiú go mór iad a dhéanamh", a deir Ger.

## Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe Chnoc Lín

Bunaíodh Líonra Chnoc Lín in 2010 chun smaointe, gníomhaíochtaí agus gnólachtaí áitiúla a thabhairt le chéile chun smaointeoireacht chomhcheangailte níos fearr a dhéanamh le linn an chúlú eacnamaíochta.



*Is ball de líonra pobal fuinnimh SEAI é Cnoc Lín.*

*Grianghraf: Grúpa pobail i mbun na gníomhaíochta - Cnocán an Éin Fhinn, Co. Thiobraid Árann.*

Is ón gcoiste uileghabhálach seo a bunaíodh an foghrúpa, Comhphobal Fuinnimh Inbhuanaithe Chnoc Lín.

Is é Ed Edge, innealtóir atá ar scor, cathaoirleach an ghrúpa. Creideann sé gur a bhuí leis an meantóireacht agus an comhpháirtíocht leis an SEAI atá an rath atá bainte amach acu, a chabhraigh leo bunlíne a bhunú dá thosaíochtaí i bhfoirm máistirphlean fuinnimh.

Ós rud é gur áit chónaithe í Cnoc Lín den chuid is mó, ba é an príomhthosaíocht a bhí acu tithe a iarfheistiú. "Fuaramar próifíl de na heastáit sa cheantar. Tá cuid de na tithe idir 40 agus 50 bliain d'aois, tá an cineál tógála iontu seanaimseartha agus níl siad tíosach ar fhuinneamh", arsa Ed.

"Bhreathnaíomar ar thithíocht ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de agus chuamar i mbun comhairle le pobail eile dála Thír an Iúir, a n-oibrímid go dlúth leo", leanann sé air.

Reáchtáil an pobal imeacht sa scoil áitiúil, áit ar thug siad faoi shuirbhé chun fáil amach an tsuim a bhí sa cheantar san uasghrádú fuinnimh tí.

"Fuaireamar 70 léiriú spéise ón gceistiúchán a rinneamar agus as sin bunaíodh croíghrúpa de thart ar dháréag dhaoine a raibh fíorspéis acu ann", a deir Ed.

Bhí an grúpa pobail in ann trí rogha uasghrádaithe tí a chur le chéile do na húinéirí tí bunaithe ar raon buiséid. Áiríodh leis seo pacáiste tosaithe, pacáiste caighdeánach agus pacáiste ardleibhéil.

Trí ghlacadh de réir a chéile leis na roghanna iarfheistithe seo, chinn Comhphobal Fuinnimh Inbhuanaithe Chnoc Lín go mbeadh coigilteas de 50% san úsáid fuinnimh chónaithe thar thréimhse 10 mbliana, arb ionann é agus €4.6m den chaiteachas fuinnimh.

D'aithin an grúpa deiseanna don scoil áitiúil agus 17 n-eagraíocht tráchtála sa cheantar freisin. Rinneadh os cionn 300 solas i Scoil Naomh Colm Cille a uasghrádú go soilse LED. Ba é an coigilteas foriomlán ón tionscadal beag amháin sin ná 140,000 kWh agus 35 tonna den $CO^2$.

Tagann Comhphobal Fuinnimh Chnoc Mhuire le chéile uair sa choicís agus is é an cur síos a dhéanann Ed air ná gur grúpa an-dhírithe ar fad é. "Is iondúil go mbíonn sé tromchúiseach mar go bhfuil daoine an-ghnóthach agus nuair a bhíonn tú ag iarraidh rudaí a dhéanamh, bíonn sé comhchruinnithe go minic".



## Ospidéal Ollscoile Shligigh, Bainistíocht Fuinnimh

Soláthraíonn an t-ospidéal seo seirbhísí géara ginearálta agus máithreachais do mhuintir Shligigh, Liatroma, Iarthar an Chabháin agus Dhún na nGall Theas chomh maith le seirbhísí réigiúnacha ar fud an Iarthuaiscirt ina bhfuil daonra de 280,000 ann.

Ó bhí 2012 ann, tá coigilteas suntasach bainte amach tríd an gclár fuinnimh san ospidéal. Creideann Declan McGoldrick, bainisteoir tionscadail an ospidéil gurb cúis leis sin ná go bhfuil spéis mhór ag an bhfoireann go léir sa laghdú fuinnimh.

Deir sé, "D'éirigh linn tiomantas na bainistíochta sinsearaí a shocrú maidir le clár SEAI agus forbairt bainistíochta fuinnimh agus táimid tar éis cúig cholún Chlár Léarscáil Fuinnimh an SEAI a leanúint. Chuireadh ar ár gcumas sinn, leis an trí philéar sin chun cur chuige struchtúrtha i leith fuinnimh a bhaint amach dúinn féin agus mar aon le dea-rannpháirtíocht foirne, tá coigilteas suntasach fuinnimh bainte amach againn".

Bíonn an t-ospidéal ag óstáil cruinnithe míosúla foirne fuinnimh le monatóireacht agus spriocdhíriú leanúnach chun a chinntiú go leantar ar aghaidh leis na laghduithe a bhaint amach.

Tá go leor feachtas feasachta fuinnimh eagraithe ag an ospidéal, tráth na gceist agus comórtais le himeacht na blianta freisin. "Reáchtálamar feachtas mór múchta thar saoire bainc Lúnasa. Idir sin, agus an t-uasghrádú agus feabhsúchán atá déanta againn ar struchtúr an fhoirgnimh - tá an poitéinseal aige sin uile coigilteas thart ar 20% a bhaint amach dúinn", arsa McGoldrick.




*Bhuaigh Ospidéal Ollscoile Shligigh Gradam na hEarnála Poiblí ag Gradaim Fuinnimh an SEAI 2018.*

## Úinéir Feithicle Leictrigh, Martin Daly, Co. na hIarmhí

Tháinig ardú tobann ar an éileamh ar fheithiclí leictreacha in 2018 - cheadaigh an SEAI 1,999 deontas le haghaidh EVs nua. Is ionann sin agus méadú de 120% ar an méad a ceadaíodh in 2017. Nuair a chuirtear allmhairí athláimhe san áireamh, tháinig méadú ar an fhlít náisiúnta EV suas go dtí 7,647 feithicil.



*Fuair Martin Daly deontas SEAI dá EV nua agus le haghaidh luchtaire baile*

Cheannaigh Martin Daly ón Muileann gCearr i gContae na hIarmhí Nissan Leaf i mí an Mheithimh 2018: "Bhí daoine ag iarraidh cén fáth ar cheannaigh tú é i mbliana; cén fáth nach bhfuil tú ag fanacht ar an raon níos faide. Ach bhí mé féin ag smaoineamh - cá fhad a fhanann tú ", a deir sé.

Chuaigh Martin agus a bhean ar thiomána tástála i gcarr leictreach in 2017 agus bunaithe ar an taithí sin, bhí a fhios aige go gcaithfeadh sé an piléar a bhogadh. "Tá ionadh orm nach bhfuil níos mó díobh thart," ar seisean. "Tá gach duine a fhéachann air an-tógtha ach tá scéal difriúil ina luí orthu go dtiocfaidh athrú orthu."

I tigh Daly, is é an duine a bheidh ag déanamh an cuid is mó tiomána ar an lá a thógann an carr leictreach. Cé go bhfuil an bheirt acu ag obair sa Mhuileann gCearr, is é an Cabhán an áit is faide uathu ar imigh siad sa charr. "Tá sé fíoraisteach smaoineamh ar cad é a bhfuil tú ag tiomáint, ba mhaith liom smaoineamh go dtiocfadh rath ar fheithiclí leictreacha an-ghasta, ach ar bhealach eile, is é an rún beag agam é."

Ceapann Martin go bhfuil sé foirfe don té atá ina chónaí i Lár na Tíre carr leictreach a bheith aige, mar go bhfuil sé leathbhealach go dtí an chuid is mó d'Éirinn. "Níl sé saor chun carr leictreach a fháil agus ná bain an chiall chontráilte as seo, ach nuair a bhíonn ceann agat, bíonn sé an-saor a thiomáint," ar seisean.



*Fuair Marion agus Anne Lynders tacaíocht trí Chlár Píolótach Iarfheistithe Domhain an SEAI*



## Rinneadh uasghrádú ar Bhaile A Rátála do Anne agus Marion Lynders, Baile Átha Cliath

Bhí go leor díospóireachta teasaí ag na deirfiúracha Marion agus Anne Lunders ó Phort Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath leis an ailtire Dermot Bannon nuair a bhí siad ar Room to Improve ar RTÉ in 2018.

Shocraigh na deirfiúracha, a chónaigh thar lear, bogadh ar ais go dtí teach a n-óige lena máthair atá 81 bliain d'aois agus le mac Anna, Michael. Tógadh a dteach teaghlaigh níos mó ná 100 bliain ó shin agus mar sin bhí gá le hathchóiriú mór ann. "Sa gheimhreadh, b'éigean dúinn sinn féin a chur in aice leis an tine agus fad a bheadh tú ann, ní bheadh ach aon taobh amháin duit te agus do dhroim reoite. Ní raibh an teas chun dul timpeall sa chóras agus sin mar a bhí sé, "arsa Anne.

Tar éis do Dermot dearadh a dhréachtú lenar gcuireadh na radhairc is fearr a bhí ann ar an fharraige san áireamh, ba é ceann de na mórcheisteanna a pléadh ná an costas. Ach bhí an Suirbhéir Cainníochta Lisa O'Brien ar láimh chun comhairle a chur ar na deirfiúracha cur isteach ar deontas iarfheistithe domhain an SEAI.

Chuidigh an maoiniú ón scéim chun a dteach a raibh rátáil íseal air a athrú ó bhonn le bheith ag an gcaighdeán do thithe nua A-rátáilte ó thaobh feidhmiúchán fuinneamh de.

Tar éis don obair a bheith críochnaithe, bhí an teachín aistrithe ó bhonn ina teachín te teolaí, nua-aimseartha, suite cois farraige. "Anois, agus an iarfheistiú déanta againn, den chéad uair riamh, tá a fhios agam cad é teas a bheith agat sa teach", arsa Anne.

Tá an ceathrú cuid d'astuithe CO a bhaineann le fuinneamh na hÉireann ginte lenár stoc tithíochta neamhéifeachtúil le níos mó ná 1 mhilliún teach faoi bhun ráta fuinnimh C. Ina theannta sin, faightear 98% den téamh tí ó bhreoslaí iontaise.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil go leor daoine ag caitheamh go leor airgid ag iarraidh tithe fuar, tais agus go minic míshláintiúil a théamh.

Dearadh an Clár Píolótach Iarfheistithe Domhain chun measúnú breise a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna seo.

> "Anois go bhfuil an iarfheistiú déanta againn den chéad uair, tá a fhios agam cad é mar a mhothaíonn an teas."
>
> Anne Lynders

## Eacnamaíocht Iompraíochta - tuiscint a fháil ar na rudaí a spreagann iompar an duine

Soláthraíonn Eacnamaíocht Iompraíochta nó Eolaíocht léargas ar iompraíocht an duine chun cuidiú leis na luamháin pholasaí a aithint a spreagfaidh daoine agus gnólachtaí "níos lú a úsáid" agus "úsáid glan".

Ag baint úsáide as léargais iompraíochta, tá sé mar aidhm ag an Aonad Eacnamaíochta Iompraíochta ag an SEAI cláir a sheachadadh atá saincheaptha go cúramach chun go mbeidh sé éasca agus tarraingteach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le fuinneamh glan. Tá Karl Purcell i gceannas ar an bhfoireann eacnamaíocht iompraíochta in SEAI.

In 2018, d'fhoilsigh an fhoireann tuarascáil dar teideal 'Changing Energy Behaviour - What Works'. "Bhíomar ag iarraidh tuiscint a fháil ar cad atá déanta i dtíortha eile chun iarracht a dhéanamh an iompraíocht fuinnimh a athrú chun tabhairt faoi deara cad iad na rudaí a d'oibrigh amach dóibh, agus cad nár oibrigh", arsa Karl. Tá sé seo tábhachtach chun dea-dhearadh cláir a chur i gcrích. míníonn Karl, "Trí fhoghlaim níos mó faoi na rudaí a bhí déanta ag tíortha eile roimhe seo, d'fhéadfaimis rudaí nach raibh ag obair a athrá, agus cláir athraithe iompair níos láidre a thógáil chun leibhéal níos airde coigiltis fuinnimh a sheachadadh".

Measann os cionn 90% de mhuintir na hÉireann gur fadhb thromchúiseach í an t-athrú aeráide. Is í an cheist mar sin gur gá machnamh a dhéanamh uirthi ná cad é an dóigh a spreagfaimid daoine le gníomhú agus athrú a dhéanamh ar a n-iompar fuinnimh?

Ó athbhreithniú a dhéanamh ar 175 staidéar idirnáisiúnta a thomhais tionchar idirghabhálacha athraithe iompair éagsúla ar úsáid fuinnimh, bhí roinnt torthaí soiléire ann.

Mar shampla, tá fianaise mhaith ann go spreagann soláthar aiseolais shimplí a dhéanann comparáid idir a núsáid fuinnimh agus a gcomharsan trí bhilleáil chliste cliste chun fuinneamh a shábháil.

Is féidir daoine a spreagadh chun spriocanna coigilte fuinnimh de thart ar 10% go 15% agus is féidir leis sin iad a spreagadh arís chun fuinneamh a shábháil. Bealach eile chun daoine a spreagadh chun a n-úsáid fuinnimh a laghdú agus infheistiú in uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh is ea cláir idirghníomhacha um athrú iompair a reáchtáil i bpobail.

Tá an-chuid féidearthachta ann don chineál seo taighde laistigh d'éilimh an SEAI ar Karl. Deir sé, "Is féidir le heacnamaíocht iompraíochta forbairt nua beartais a fheabhsú, seachadadh idirghabhálacha beartais atá ann cheana a fheabhsú, cuidiú le torthaí neamhbheartaithe a sheachaint agus táirgiúlacht a fheabhsú".

*Bunaíodh foireann eacnamaíocht iompraíochta SEAI in 2017 chun réitigh inláimhsithe agus inscálaithe a aithint chun iompraíochtaí fuinnimh inbhuanaithe a spreagadh i dteaghlaigh, i ngnóthais agus i bpobail in Éirinn.*

"Bhíomar ag iarraidh tuiscint a fháil ar cad atá déanta i dtíortha eile chun iarracht a dhéanamh an iompraíocht fuinnimh a athrú chun tabhairt faoi deara cad iad na rudaí a d'oibrigh amach dóibh, agus cad nár oibrigh."

Karl Purcell





*Fuair an Cumann Giniúna Leictreachais Micrileictreachais tacaíocht ó Chlár Maoinithe Náisiúnta T&F Fuinnimh an SEAI .*

## Eangach Fuinnimh Pobail Triail Eangaí Cliste Thamhlachta

Is é an coincheap atá taobh thiar de Shaotharlann Maireachtála Fuinnimh Pobail Thamhlachta a bhfuil an Cumann Giniúna Leictreachais Micrimhilseogra os a chomhair ar a dtugtar MEGA ar shlí eile, an smacht atá againn ar ár bhfuinneamh féin.

D'fhás glúin áirithe daoine suas leis an smaoineamh gur ghá fóntais láraithe rialú leictreachais. Mar sin féin, creideann Joe Durkan, bainisteoir cláir leis an SEAI, go bhfuil an smaoineamh sin ag athrú. Deir sé, "Beimid inár dtáirgeoirí fuinnimh féin, chun freastal ar ár riachtanais féin ar dtús, gan aon agó, sa bhaile agus ansin ag leibhéal an phobail".

Is é seo an smaoineamh taobh thiar de Eangach Chliste Thamhlachta - fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí ísealcharbóin laistigh den phobal d'úsáid áitiúil. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2013 le 20 rannpháirtí agus anois tá 200 ranníocóir suntasach aige.

Tá painéil ghréine ar bharr dín anois ar fhoirgnimh phoiblí mar oifigí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Is cuid den eangach phobail iad mar phróiseálaí - táirgeoir agus tomhaltóir fuinnimh araon.

De réir mar a éiríonn daoine níos eolaí ar a n-úsáid fuinnimh, deir Joe Durkan, "Is é an cleas atá ann ná conas a dhéanaimid é a ghabháil, conas a dhéanaimid é a úsáid agus conas a dhéanaimid cinnte de go bhfuil sé inbhuanaithe san fhadtéarma agus go bhfuil tionscadal Thamhlachta ag iniúchadh ".

Ceann de na príomhbhuntáistí a léirítear sa tionscadal seo ná gur féidir le pobail an fuinneamh a ghintear go háitiúil sa phobal nó sa mhargadh mórdhíola a dhíol. Cruthaítear dá bharr leibhéal nua sa mhargadh fuinnimh agus léiríonn sé gur féidir éileamh agus soláthar leictreachais a bhainistiú go rathúil ag leibhéal an phobail.

Dúirt Ard-Rúnaí MEGA, Dudley Stewart, "Meitheal oibre atá ann ar an gcéad dul síos. Is é an éagsúlacht agus an diongbháilteacht ata sa ghrúpa bhunaidh seo agus a leathnú de réir a chéile, chomh maith leis an tacaíocht leanúnach ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus ó urraitheoirí eile, a chuir ar chumas MEGA an líne chriticiúil sin a rith nuair nach raibh uirthi a thuilleadh brath ar theoiric agus ar choincheapa. D'fhéadfadh sé bogadh ar aghaidh go pointe tagartha do ghníomhaíochtaí agus d'fhionnachtana taighde. Léiríonn sé seo an bealach chun cinn, ní hamháin do dhúshlán fuinnimh na hÉireann ach don phobal idirnáisiúnta ".

Leanann Eangach Chliste Thamhlachta ar aghaidh a bheith ag fás agus ag forbairt agus ó shin i leith tá maoiniú ón AE faighte aige ó Horizon 2020, Clár Maoinithe Taighde agus Nuálaíochta an AE.

# Léargas ar 2018

**Eanáir**

—Freastalaíonn os cionn 430 ionadaí ó chomhlachtaí poiblí agus ó ranna rialtais ar an dara **Comhdháil Earnála Poiblí in UCD**

—**Fógraíodh ciste taighde** chun tacú le tionscadail taighde, forbartha agus taispeána

**Márta**

—**€22 milliún chun uasghráduithe fuinnimh a mhaoiniú** do 1,200 teach agus 400 foirgneamh pobail agus tráchtála ar fud 37 pobal in Éirinn a fógraíodh

**Aibreán**



—**Beidh deontas nua d'úinéirí tí** le haghaidh chaidéil teasa ag teacht i bhfeidhm

—**Fógraíonn an clár EXEED maoiniú** do thionscadail deartha nua atá tíosach ar fhuinneamh

**Bealtaine**

—**Maoiniú an Rialtais ar fáil le haghaidh soilsiú cliste** d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide

—**Bhuaigh Coláiste an Aragail an comórtas 'O Good Idea'** le haghaidh a bhfeachtas 'Bo






**Meitheamh**

—**An SEAI ag cur tús le cigireachtaí ar mhiondíoltóirí bonn** ar fud na hÉireann



**Iúil**

—Tugann SEAI **deontas nua isteach d'úinéirí tí chun painéil fhótavoltacha gréine a shuiteáil**

**Meán Fómhair**



—Breis agus 150 duine ó phobail éagsúla ó gach cearn den tír ag bailiú ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain don **3ú ócáid bhliantúil de chuid an Chomhphobail Fuinnimh Inmharthana**

**Deireadh Fómhair**

—Faigheann Mike Pearson ó Choláiste Gurteen i dTiobraid Árann **gradam mar Bhainisteoir Fuinnimh na Bliana ag Gradaim Fuinnimh an SEAI 2018**



**Samhain**

—Taispeántar i dtuarascáil nua gur shábháil 200 ball de Líonra Fuinnimh Tionscail Móra an SEAI **€14.5 milliúni gcostais fuinnimh in 2017**

**Nollaig**



—Léirítear i dtuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí gur shábháil **comhlachtaí na hearnála poiblí €191 milliún in 2017 le chéile**

—**Foilsíonn an SEAI an tuarascáil bhliantúil Fuinneamh in Éirinn,** a dtaispeántar méadú 0.5% ar an éileamh fuinnimh de réir mar a d'fhás an geilleagar 3.0%.

Rialachas

Cuirimid fianaise láidir faoi bhráid an Rialtais

# chun cur leis an mbeartas fuinnimh



# An Rialachas Corparáideach

Tá Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sna Ráitis Airgeadais le haghaidh 2018 de réir Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

## SWiFT 3000 Deimhniú Rialachais Chorparáidigh/Meastóireacht Sheachtrach

In Aibreán 2011, b'í SEAI an chéad eagraíocht Eorpach, phoiblí nó phríobháideach, ar ar bronnadh deimhniúchán an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann faoi chaighdeán SWiFT 3000. Is caighdéan é seo a bhaineann le measúnú ar Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in Éirinn. An aidhm atá ann ná measúnú a dhéanamh ar chreat rialachais corparáideach eagraíochtaí agus go háirithe, an leibhéal comhlíonta laistigh d'eagraíochtaí maidir le cóid rialachais agus dea-chleachtais. Tugadh an t-athbhreithniú breise ar chomhlíonadh an SEAI leis na riachtanais SWiFT 3000 chun críche i mí Feabhra 2018 agus tá an deimhniú déanta ag an SEAI.

Mar sin, tá an SEAI ag leanúint leis a bheith ag feidhmiú de réir na gcaighdeán dea-chleachtais rialachais chorparáidigh.

Mar chuid de phróiseas deimhniúcháin SWiFT 3000, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar struchtúir, ar phróisis agus ar ábhar Bhoird SEAI, mar aon le hathbhreithniú ar chomhlíonadh reachtaíocht SEAI, Creat Rialachais Corparáideach SEAI, fógairt leasa chomhaltaí an Bhoird agus feidhmiúchán coistí an bhoird.

Rinneadh athbhreithniú 2018 bunaithe ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit a eisíodh i mí Lúnasa 2016.



## Rialachas

Is é foinse phríomha an rialachais chorparáideach le haghaidh SEAI ná an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana, ní mór don ghníomhaireacht cloí, áfach, le réimse riachtanais reachtaíochta (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Deimhníonn SEAI gur chloígh sé lena dhualgas na riachtanais seo a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm chun cinnte a dhéanamh de go gcloítear le riachtanais áirithe:

### Riachtanais Ghinearálta Riaracháin agus Polasaí

Ag an mbonn náisiúnta, oibríonn SEAI go dlúth le hoifigigh ábhartha sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus oifigigh ó Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile chun a aidhmeanna a chur chun cinn, agus chun a chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais reachtaíochta, riaracháin agus Aire/Rialtais. Ag an mbonn áitiúil, oibríonn SEAI go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile agus raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí, chun beartas agus tionscnaimh fhuinnimh inmharthana a fhorbairt go gníomhach. Tá sé mar bhonn agus mar thaca ag an aidhm straitéiseach náisiúnta go mbeidh ról lárnach ag SEAI geilleagar ísealcharbóin a thabhairt isteach trí bhearta agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar an athrú go dtí todhchaí níos cliste agus níos inbhuanaithe maidir le fuinneamh. Déantar an obair agus an idirghníomhaíocht seo de réir treoracha beartais áirithe eisithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil.

### An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

I Meán Fómhair 2016, ghlac Bord SEAI go foirmiúil leis an gCód Cleachtais leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Cuireann SEAI faisnéis ar fáil le haghaidh comhaltaí an Bhoird maidir le riachtanais an Chóid agus tá gníomhaíochtaí, nósanna imeachta agus tionscnaimh curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Mar a luadh thuas, déantar Mar atá luaite thuas, déantar measúnú ar SEAI maidir le comhlíonadh an Chóid faoi phróiseas deimhniúcháin SWiFT 3000. Ina theannta sin, tá a chreat um Chód Rialachais féin ag SEAI, a chorpraíonn riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord SEAI athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar an gCód seo agus tá sé le fáil ar shuíomh gréasáin SEAI ag www.seai.ie.

Sa chomhthéacs seo, deimhníonn SEAI go gcomhlíonann sé na hailt a leanas den Chód Cleachtais;

### Cuid 1:
### Ról an Bhoird

Alt 1.2 - Caighdeáin Eiticiúla:

Mar atá luaite thuas, i gcomhar le hardbhainistíocht SEAI tá Creat Chód Rialachais ar leith forbartha ag Bord SEAI. Leagann an creat síos na struchtúir agus nósanna imeachta cuí chun a chinntiú go bhfuil na socruithe rialachais agus freagrachta san Údarás láidir agus éifeachtúil. San áireamh sa Chreat seo tá Cód Iompair Gnó le haghaidh comhaltaí an Bhoird, agus an t-iompar atá ag teastáil ag Cruinnuithe an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí an Bhoird agus do bhaill foirne ainmnithe reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh ar bhonn bliantúil.

Alt 1.7 Cúrsaí le haghaidh cinnidh ag an mBord:

Tá sceideal foirmeálta faofa ag Bord SEAI maidir le Cúrsaí faoi leith atá le haghaidh cinnidh, chun a chinntiú go bhfuil treo agus rialú an chomhlachta go daingean ina lámha acu.

Alt 1.11 Coimhlint leasa:

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag Bord SEAI chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar choimhlint leasa a d'fhéadfadh tarlú sa Bhord agus sa bhainistíocht.

Alt 1.14 Nochtadh Cosanta:

Ag cruinniú ar 1 Márta 2017, d'fhaomh Bord SEAI Cairt Sceithire a chuireann san áireamh na riachtanais nua a eascraíonn ón Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Déantar athbhreithniú air seo ar bhonn bliantúil mar chuid den athbhreithniú ar Chreat Rialachais an SEAI.

Alt 1.17 Ráiteas Straitéise:

Tá Bord an SEAI tar éis glacadh le Ráiteas Straitéise don tréimhse 2017 -2021.Tá próiseas comhsheasmhach comhaontaithe ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar nuashonruithe ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo. Tá an Straitéis seo le fáil ar shuíomh gréasáin SEAI www.seai.ie.

## Cuid 6:
## Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste Ráitis Airgeadais SEAI a iniúchadh go bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil iad mar aon le Tuarascáil Bhliantúil SEAI i gcomhlíonadh an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Áirítear scrúdú bliantúil ar Ráiteas Rialú Inmheánach. Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha seo isteach de réir na riachtanais atá leagtha amach in alt 1.9 de réir riachtanais Gnó agus Airgeadais an Chóid leasaithe. Deimhníonn SEAI go gcomhlíonann sé beartas an Rialtais maidir le híocaíocht iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus íocaíocht baill foirne eile de réir socruithe leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Lena chois sin, comhlíonann SEAI na treoirlínte a chlúdaíonn íocaíocht táillí do Chathaoirligh agus Stiúrthóirí/baill Chomhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Aire Airgeadais. Tá sceideal an Bhoird maidir le táillí agus speansais le haghaidh Comhaltaí Boird leagtha amach sa Ráiteas Rialachais.

## Cuid 7:
## Bainistiú riosca agus Rialuithe Inmheánacha

Roinn 7.1 - Bainistíocht Riosca:

Tá beartas cuimsitheach maidir le measúnú agus bainistiú riosca forbartha ag SEAI agus tá an creat ginearálta le haghaidh bainistiú riosca faofa ag an mBord. Tá meicníochtaí cuí bunaithe ag Bord an SEAI agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go hiomlán agus go ndéanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar a éifeachtúlacht.

Sections 7.4 - Review of the Effectiveness of Internal Control:

Déanann SEAI córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Déanann na hiniúchóirí inmheánacha seachfhoinsithe athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus is mar sin a bhí an cás maidir le 2018. Tá na riachtanais nua maidir leis an athbhreithniú seo, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit been applied in respect of 2018. Tá an t-athbhreithniú ar an rialú inmheánach agus ar an ráiteas ar an rialú inmheánach a ghabhann leis don bhliain 2018 faofa ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca SEAI agus ag an mBord. Tá an t-athbhreithniú deimhnithe sa litir bliantúil ón Chathaoirleach go dtí an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. Ina theannta sin, tá ráiteas an Chathaoirligh ar rialú inmheánach airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach lch 4).

Alt 7.7 - Iniúchadh Inmheánach:

Tá feidhm Iniúchadh Inmheánach seanbhunaithe ag SEAI de réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt foirmeálta aige atá faofa ag an mBord.

Alt 7.12 - Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca:

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca seanbhunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha faoi leith aige, atá faofa ag an mBord agus ar a ndéantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

## Cuid 8:
## Mátair-Roinn agus Ról Maoirseachta

Roinn 8.4 - Comhaontuithe Maoirseachta:

Tá Comhaontú maidir le maoirseacht agus Feidhmiú/Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus déantar é seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

Alt 8.16 - Gnáthaimh Soláthair:

Tá próiseas gnáthaimh Soláthair cuí ag SEAI a chomhlíonann na luachanna tairsí reatha chun rialacha náisiúnta agus an AE a chur i bhfeidhm. Is buan-nós imeachta é an córas tairiscintí iomaíocha sa phróiseas seo.

Alt 8.44 - Comhlíonadh Cánach:

Dearbhaíonn an Cathaoirleach sa litir a cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil go gcomhlíonann SEAI a dhualgais faoin dlí cánach.



## Treoirlínte um Bhreithmheas agus Bhainistiú ar Thograí Caiteachais Chaipitiúil

Tá gnáthaimh láidir sheanbhunaithe i bhfeidhm ag SEAI chun breithmheas agus bainistiú a dhéanamh ar Thograí Caiteachais Chaipitiúla faoi na cláir Caipiteal (deontais).

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá SEAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus is tosaíocht sheanbhunaithe é an comhionannas san eagraíocht Tá clár comhionannais agus éagsúlachta forásach ag SEAI agus tá roinnt scéimeana ar bun ann a thugann deiseanna don fhoireann maidir le riachtanais foirne agus gairme a bhaint amach, lena n-áirítear an tsaoire staidéir agus cláir oideachasúla srl. Éascaíonn Próiseas Pleanála Feidhmiú agus Fás de chuid SEAI an fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil. Cuireann SEAI luach ar an éagsúlacht agus déanann sé tréaniarracht bheith ina fhostaitheoir comhionannais a chuireann fáilte roimh rannpháirtíocht phearsanta agus a chuireann luach ar dhifríochtaí. Tá SEAI tiomanta do chothromaíocht oibre is saoil a fhorbairt agus a chothabháil don fhoireann go léir.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann an tAcht seo, a ionadaíonn forálacha an Achta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair 1998, an dlí a bhí ann cheana féin a chomhdhlúthú agus a uasdátú. Leanann SEAI air ag glacadh céimeanna chun sábháilteacht agus leas na n-oibrithe agus an gcuairteoirí go léir a chosaint, agus feasacht a spreagadh laistigh dá oifigí chun forálacha an Achta seo a bhaint amach. Baineann sé seo le hAchtanna um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 agus 2004 chomh maith.

## Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag SEAI a leagann amach a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin. San áireamh sa Chairt seo tá nós imeachta chun deileáil le gearáin, más ann dóibh. In 2018, fuarthas 19 ngearán faoin gCairt seo. Tá seo le fáil freisin ar www.seai.ie.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann SEAI faoi chúram an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002. Is polasaí é de chuid SEAI cinnte a dhéanamh de go n-íoctar gach sonrasc gan mhoill. Tá gnáthaimh i bhfeidhm, áfach, a chinntíonn go n-íoctar ús ar riaráistí, más gá.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí (1995), An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (2001)

De réir na nAchtanna thuas luaite, cuireann comhaltaí Bhoird SEAI Ráitis Choimhlint Leasa faoi bhráid an Rúnaí gach bliain i gcomhlíonadh fhorálacha an Achta. Lena chois sin, comhlíonann baill foirne a bhfuil poist ainmnithe acu an dá Acht.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasaithe) 2003

Is comhlacht forordaithe é SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus comhlíonann sé riachtanais na nAchtanna go hiomlán. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoi na hAchtanna a chuir chuig an Oifigeach FOI, SEAI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 & 2004 / GDPR

Tá SEAI cláraithe mar aonad rialaithe sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann an Chosaint Sonraí le cearta daoine maidir le príobháideachas a chosaint agus le smacht a choimeád ar an mbealach a n-úsáidtear a gcuid faisnéise pearsanta.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá SEAI laistigh de théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a tháinig i bhfeidhm ar 14 Iúil 2003 chun creat a sholáthar le haghaidh seirbhísí trí Ghaeilge a sheachadadh. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil i mBéarla agus i nGaeilge.

# Tuairisc Éifeachtúlachta Fuinnimh

## Oifigí an SEAI

In 2018, mhéadaigh an SEAI a ídiú fuinnimh iomlán faoi 20%. Baineadh níos mó úsáide as sin as leictreachas agus as fuinneamh teirmeach a úsáid i spás oifige Bhaile Átha Cliath mar gheall ar mhéadú 25% ar an achar urláir a áitíodh. Bhí gá leis an méadú seo ar achar urláir tar éis méadú 79% ar fhoireann FTE ar fud na heagraíochta iomláine idir deireadh 2017 agus deireadh 2018. Cuireadh formhór mór na mball foirne méadaithe seo in oifig Bhaile Átha Cliath.

Ina theannta sin, mhéadaigh ídiú leictreachais mar gheall ar dhá fheithicil leictreacha nua a cheannach agus trí aonad nua muirir a shuiteáil in oifigí Bhaile Átha Cliath, Dhún Dealgan agus Shligigh. Rinneadh é seo a fhritháireamh beagán trí ídiú breosla iompair níos ísle a bhí mar thoradh ar ghluaisteán cuideachta Hibrid Toyota Prius an SEAI a dhíol i mí Lúnasa.


Cé gur mhéadaigh an t-ídiú fuinnimh iomlán, tharla sé seo i gcomhthéacs méadú géar ar líon na mball foirne agus achar urláir in 2018. Bhain SEAI deimhniú amach ar dtús ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Bainistiú Fuinnimh ISO50001 i Meán Fómhair 2016, agus beidh gá le fócas méadaithe chun a chinntiú go leanfar le laghdú ar ídiú fuinnimh. Tá an SEAI ag machnamh cheana féin ar bhearta monatóireachta agus caomhnaithe fuinnimh ina spás oifige nua i mBaile Átha Cliath a bheidh in úsáid in 2019.

Tá pearsanra an SEAI i seilbh 1,598 m2 de spás oifige i mBaile Átha Cliath (méadú 200m2 i Márta 2018 mar gheall ar athlonnú ar an dara hurlár i dTeach Pháirc Wilton), i nDún Dealgan, i gCorcaigh agus i Sligeach. Tá na hoifigí go léir foligthe laistigh d'fhoirgnimh níos mó. Tugtar achoimre sa tábla trasna ar úsáid fuinnimh ar fud na gceithre oifig agus feithiclí na cuideachta.



| Úsáid Fuinnimh | 2017 kWh TFC | 2018 kWh TFC |
|---|---|---|
| **TOMHALTAS DÍREACH LE HAGHAIDH OIFIGÍ AGUS CARRANNA I BPÁIRT** | | |
| Leictreachas, soilsiú, TFC, cumhacht oifige, HVAC, dhá fheithicil leictreacha a ceannaíodh in 2018 & trí phointe luchtuithe | 112,669 | 127,508 |
| Gás nádúrtha le haghaidh teasa | 56,144 | 83,517 |
| Ola gáis marcáilte le haghaidh teasa | 11,164 | 11,094 |
| Peitreal do charr i bpáirt | 8,249 | 3,948 |
| **Iomláin le haghaidh Tomhaltas Díreach** | **188,227** | **226,067** |
| **Astaíochtaí $CO^2$ (kg)** | **70,955** | **82,631** |

Astaíochtaí $CO^2$ (kg)




### Gníomhartha um Éifeachtúlacht Fuinnimh atá Beartaithe do 2019

- —Déanfar iniúchadh ar fhíorúchán ISO50001 i mí an Mheithimh 2019
- —Ceapachán nua bainistíochta sinsearaí ar chlár ISO50001
- —Déanfaidh Oifig Bhaile Átha Cliath an córas bainistíochta fuinnimh a aistriú agus a chomhtháthú, le cumais mhéadraithe chuí, a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2019
- —Leis an aistriú go hoifig nua le rátáil A3 i mBaile Átha Cliath, beidh béim ar tionscadail choigilte fuinnimh a chur i gcrích in oifig Dhún Dealgan mar an dara oifig tomhaltais fuinnimh is airde.



Baintear amach sochair eacnamaíocha agus postanna atá

# intomhaiste leis an éifeachtúlacht fuinnimh

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Bunaíodh Bord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus thosaigh sé ar 1 Bealtaine 2002. Rinneadh leasú níos mó ar an Acht leis an Acht um Fhuinneamh 2016.

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in alt 6 d'Acht 2002. Tá an Bord freagrach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus tá sé freagrach as cinntiú go mbeidh dea-rialachas ann. Téann sé i mbun an chúraim seo trí aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha a leagan síos, agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhchúrsaí gnó. Tá an ghnáthbhainistíocht laethúil mar aon le smacht ar an treo ina bhfuil SEAI ag dul, faoi chúram an Phríomhoifigh Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach a leanúint atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí an Bhoird go léir maidir leis na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann le SEAI, agus leis na príomhrioscaí suntasacha a d'fhéadfadh tarlú. Feidhmhíonn an POF mar nasc díreach idir an mBord agus an mbainiseoireacht sa SEAI.

## Bord agus Coistí SEAI 2018

### Struchtúr an Bhoird

Ceapann an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil comhaltaí Boird, le toil an Aire Airgeadais, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002, arna leasú ag an Acht um Fhuinneamh 2016. Nuair a cheaptar comhaltaí nua, cuirtear faisnéis fhairsing ar fáil dóibh maidir leis an gníomhaireacht agus a hoibríochtaí. Tá 12 chomhalta ar Bhord SEAI. Ainmníonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil comhalta amháin (seachas an Príomhfheidhmeannach) ar feadh tréimhse nach bhfuil níos faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhse 5 bliana agus is féidir iad a athcheapadh.

Oibríonn Bord SEAI de réir prionsabal dea-chleachtais maidir le rialachas corparáideach ar aon dul leis na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá próiseas ionduchtúcháin agus forbartha ata oiriúnach agus cuimsitheach i bhfeidhm le haghaidh comhaltaí Boird.

Tá an Bord freagrach as an gcroístraitéis agus as beartais don eagraíocht a leagan síos. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánach, agus as próisis agus gnáthaimh a chur i bhfeidhm a chinteoidh go bhfuil an córas éifeachtach. Baineann sé na feidhmeanna seo amach go díreach agus trí Choistí Boird faoi leith de réir Théarmaí Tagartha faofa. Tá bainistíocht shinsearach SEAI freagrach as beartas a chur i bhfeidhm.

Feidhmíonn an Bord de réir na forálacha leagtha amach do Bhord an Údaráis san Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002.

Ar aon dul le forálacha an Achta, leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, agus an Cód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá sé de dhualgas ar chomhaltaí Boird SEAI Ráiteas Coimhlint Leasa a chur ar aghaidh gach bliain chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus chuig Rúnaí an Bhoird.



## Freagrachtaí an Bhoird

Tá ról an Bhoird leagtha amach in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus tá sonraí faoi na freagrachtaí faoi leith atá ag an mBord, ar bhonn aonair nó ar bhonn corparáideach, le fáil i gCreat an Chóid Rialachais. Déantar é seo a fhaomhadh go blaintúil agus tá sé le fáil ar Suíomh Gréasáin SEAI (www.seai.ie). Sa cháipéis seo, pléitear le cúrsaí ar a ndéanann an Bord amháin cinntí agus áirítear i measc na míreanna seasta ag cruinnuithe an Bhoird:

- —Riachtanais maidir le Córam agus le Fógairt Leasa
- —Fíorú miontuairiscí an chruinnithe is deireanaí
- —Ceisteanna a thagann chun cinn agus Gníomhphointí gaolmhara
- —Tuarascáil an Chathaoirligh
- —Tuarascáil an POF
- —Tuarascálacha Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- —Forbairt Straitéiseach SEAI agus tuarascálacha feidhmiúcháin
- —Tograí deontais agus soláthair a phlé, de réir an údaráis tarmligthe faofa
- —Tuarascálacha Fhochoistí a phlé
- —Athbhreithniú ar Riosca Corparáideach/Bainistiú Riosca
- —An Rialachas agus ceisteanna forchoimeádta

Cuireann Alt 24 (2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 iallach ar an Údarás cuntais chuí a choimeád d'aon airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, i bhfoirm a d'fhéadfadh an tAire a fhaomhadh, le toil an Aire Airgeadais. Agus na cuntais airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór do Bhord SEAI:

- —Beartais chuntasaíochta atá oiriúnach a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- —Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- —Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn atá ar siúl, ach amháin más rud é go mbeadh sé neamhoiriúnach go gceapfaí go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú; agus
- —A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;

Tá an Bord freagrach as taifid chuntas leordhóthanacha a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fail ar shuíomh gréasáin an SEAI.

Tá an Bord freagrach as faomhadh a dhéanamh ar an bplean bliantúil agus ar an mbuiséad. Rinneadh measúnú ar fheidhmiú SEAI maidir leis an bplean agus an mbuiséad bliantúil i mí na Nollag 2018 agus mí Eanáir 2019.

Ta an Bord freagrach as a sócmhainní a chosaint agus dá bharr sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois a sheachaint agus aon mhírialtacht eile. Tá beartas faoi leith Frith-Chalaoise ag Bord SEAI.

## Bord an SEAI 2018



### Julie O'Neill

**Cathaoirleach**
Ceaptha an 6 Bealtaine 2015

Is í Julie Cathaoirleach ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Bhí sí mar Ard-Rúnaí ag an Roinn Iompair ó 2002 go dtí 2009, agus le linn a saoil oibre sa tseirbhís phoiblí, d'oibrigh sí in ocht roinn rialtais. Tá sí ina Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach ag Permanent TSB Plc, ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Ryanair Plc agus ar Axa Life Europe araon. Is sainchomhairleoir neamhspleách bainistíochta straitéiseach í agus tá sí ina dílseánach de Join the Dots. Tá MSc san Anailís Beartais aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus B. Comm ón gColáiste Ollscoile BÁC. Bhí sí ina comhalta ar Bhord SEAI roimhe seo ó Mheán Fómhair 2011 go dtí Meán Fómhair 2014.



### Jim Gannon

**POF De Bhrí Oifige**
Ceaptha an 23 Bealtaine 2016

Tá céim ag Jim san Innealtóireacht ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Máistreacht sa Mheasúnú Comhshaoil ó Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth, agus MBA ó Scoil Ghnó Smurfit i UCD. Chaith sé a shaol oibre san earnáil fuinnimh, ag seachadadh tionscadail ag leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach d'eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus phoiblí. Ina measc bhí tionscadail san fhuinneamh In-athnuaite agus gnásúil, infreastruchtúr tarchuir agus dáilte, bainistiú ar éileamh fuinnimh agus forbairt teicneolaíochta.



### Anne Farrell

Ceaptha an 24 Aibreán 2012, imithe ar scor an 1 Bealtaine 2014, athcheaptha an 27 Bealtaine 2014, imithe ar scor an 1 Bealtaine 2016, athcheaptha an 3 Deireadh Fómhair 2016 imithe ar scor an 2 Deireadh Fómhair 2018

Is stiúrthóir cuideachta í Anne sa ghnólacht teaghlaigh Squarefit Ltd. Tá taithí aici ar chúrsaí fuinnimh agus inmharthanachta a bhaineann leis an iompar, m. sh. dramhaíl laistigh den tionscal, bainistiú agus athchúrsáil bonn, agus úsáid mhéadaithe d'fheithicil leictreacha. I measc gníomhaíochtaí eile, d'oibrigh sí le hAonad Eacnamaíochta agus Sóisialta GTW (Partas anois) ag forbairt beartas maidir le bochtaineacht bhreosla agus tithe a athfheistiúle hinsliú feabhsaithe. Bhí sí ar Bhord Ospidéal Thamhlachta. Tá céim aici ó UCD san Eacnamaíocht agus sa tSíceolaíocht mar aon le MA ó DIT sna hIlmheáin Idirghníomhacha.





### Michael Wall

Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018

Is abhcóide é Michael a dhéanann sainchúram den fhoirgníocht, an phleanáil agus an dlí comhshaoil. Is múinteoir páirtaimseartha é ar chláir mháistreachta UCD sa phleanáil, dearaidh uirbeach agus ailtireacht tírdhreacha. Is ailtire agus pleanálaí cáilithe é agus tá MBA aige ó Scoil Ghnó Smurfit sa Choláiste Ollscoile, BÁC. Bhí Michael ina chomhalta den Bhord Pleanála ó 1996 go dtí 2006.Roimhe sin d'oibrigh sé mar ailtire i gcleachtadh príobháideach. Tá sé ar Choiste Comhairleach Pleanála GNBS (NAMA) ó bunaíodh é in 2010. Is eadránaí agus idirghabhálaí cáilithe é Michael freisin.



### Michael McGarry

Ceaptha an 14 Bealtaine 2013, Imithe ar scor an 1 Bealtaine 2016 agus athcheaptha an 3 Deireadh Fómhair 2016

Tá baint ag Michael san fhoirgníocht agus sainchomhairleoireacht thar lear ag soláthar seirbhísí innealtóireachta. Roimhe seo bhí sé ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag Innealtóireacht Suir (anois Imtec Suir) agus bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais i Kentz Corporation i gCluain Meala. Sa ról seo, nuair a cuireadh tús le hoibríochtaí thar lear, chaith sé mórán ama ann i mbun bainistíochta na n-oibríochtaí sin. Bhí sé sa Bhreatain freisin ar feadh seala ag obair san fhoirgníocht chónaitheach. Ta céim BComm aige ón gColáiste Ollscoile, BÁC, agus bhain sé cáilíocht amach mar chuntasóir cairte le KPMG.



### Dr. Lisa Ryan

Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018

Is eacnamaí fuinnimh sinsearach í Lisa san éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus eacnamaíocht athrú aeráide. Chuaigh sí isteach san Institiúid Fuinnimh i sa Choláiste Ollscoile, BÁC, mar thaighdeoir sinsearach san eacnamaíocht fuinnimh i Meán Fómhair 2014. B'í an t-eacnamaí fuinnimh sinsearach san Aonad Éifeachtúlacht Fuinnimh ag an IEA i bPáras go dtí samhradh 2013. Is ann a bhí sí mar cheannaire ar thionscadail bainteach le maoiniú éifeachtúlacht fuinnimh, iompar, agus beartas trasearnála. Is ann a bhí sí mar cheannaire ar thionscadail bainteach le maoiniú éifeachtúlacht fuinnimh, iompar, agus beartas trasearnála. Tá PhD ag Lisa san eacnamaíocht chomhshaoil ó UCD mar aon le hiarchéimeanna agus bunchéimeanna eile san eacnamaíocht agus san innealtóireacht ó UCD agus an Colorado School of Mines, SAM.



### Dr. Peter Brennan

Ceaptha an 6 Bealtaine 2015 athcheaptha an 9 Bealtaine 2018

Is Stiúrthóir Bainistíochta é Peter de EPS Consulting, comhairleoireacht taighde um bheartas poiblí, agus Cathaoirleach de Sheirbhísí Bid Management, an comhlacht comhairleach is mó sa tír maidir le tairiscint agus soláthar. Tá suim agus saineolas faoi leith aige san athrú aeráide agus san fhuinneamh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Taighde um Athrú Aeráide an IEA ó 2007 go 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir do Chomhchoiste an Oireachtais ar an Athrú Aeráide agus Fuinneamh. Bhí sé ina léachtóir ar chúrsa Máistreachta DCU Maoiniú Fuinnimh Inmharthana. Ta ríomh-leabhar scríofa aige ar dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir d'IBEC do Chúrsaí Eorpacha agus Forbairt Straitéiseach, agus bhí sé ina Stiúrthóir den Oifig Gnó Éireannach lonnaithe sa Bhruiséil ó 1986 go 2001. Níos luaithe ina shaol oibre d'oibrigh sé sna Ranna Tionscail agus Fuinnimh, agus Gnóthaí Eachtracha.

## **Bord an SEAI 2018** - Ar Leanúint



### Kate Ruddock

Ceaptha ar an 16 Feabhra 2017

Is Leas-Stiúrthóir í Kate de Chairde na Cruinne, agus tá sí ina ball den Choiste Stiúrtha Crann Taca Comhshaoil. Oibríonn Kate chun beartas fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun feasacht an phobail a mhéadú maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta i gcomhthéacs an Athraithe Aeráide agus conas mar a théann Éire i ngleic leis. Ta taithí aici i dtionscadail fhuinnimh phobail, oideachas comhshaoil agus comhairliú le haghaidh tionscadail infreastruchtúir fhuinnimhin-athnuaite. Tá céim aici san Eolaíocht Nádúrtha Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Máistreacht san InbhuanaitheachtChomhshaoil ó Ollscoil Dhún Éideann.



### Ann Markey

Ceaptha ar an 14 Iúil 2017

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann í Ann agus tá sí ag obair anois mar chomhairleoir gnó agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Tá taithí mhór aici sa tionscal fuinnimh agus bhí roinnt poist feidhmiúcháin i réimsí an airgeadais agus an tráchtála aici sa ghrúpa BSL. Tá taithí aici ar ghnólachtaí leictreachais traidisiúnta agus ar infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí le hardchumas fáis agus gnólachtaí fuinnimh in-athnuaite dírithe ar gheilleagar ísealcharbóin. Tá sí ar Bhord an Ghníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ann. Tá sí ar Choiste Iniúchóireachta an FSS. Tá céim aici sa dlí ón gColáiste Ollscoile, BÁC, agus tá sí ina Comhlach de chuid Insititiúid Cánach na hÉireann agus de Chomhlachas na gCuntasóirí freisin.



### Kevin Brady

Ceaptha ar an 16 Feabhra 2017

Is é Kevin Príomhoifigeach i bhfeighil na Rannóige um Bheartas Fuinnimh Téimh & Iompair sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. Áirítear ar a chuid freagrachtaí an fhorbairt teasa in-athnuaite sna hearnálacha tionsclaíocha, tráchtála agus cónaithe. San earnáil iompair, tá sé ina chomhchathaoirleach ar an Tascfhórsa Feithiclí Íseal-Astaíochtaí agus tá sé freagrach as beartais fuinnimh a chuireann fuinneamh in-athnuaite chun cinn san iompar agus an fás i bhfeithiclí íseal-astaíochta agus atá saor ó astaíochtaí. Tá céim aige san innealtóireacht agus MA san eacnamíocht ón gColáiste Ollscoile, BÁC. Roimhe seo, ba chomhairleoir eacnamaíoch é Kevin a bhí dírithe ar earnálacha an fhuinnimh agus an iompair agus tá taithí aige roimhe seo ar thionscadail fuinnimh ghaoithe a fhorbairt in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.



### Andrew Ennis

Ceaptha ar an 14 Iúil 2017

Is Stiúrthóir Fuinneamh In-Athnuaite de Bartra Capital é Andrew. Tá infheistiú déanta ag Bartra i réimsí éagsúla den mhargadh infreastruchtúir Éireannach, lena n-áirítear tithíocht, cúram sláinte, áitreabh tráchtála agus fuinneamh in-athnuaite. Is cuntasóir cairte é Andrew agus tá B.Comm agus M.Acc aige ón gColáiste Ollscoile, BÁC. Tá taithí 16 blianaag Andrew san airgeadas corparáideach sa mhargadh infreastruchtúir in Éirinn, agus sainchúram déanta aige den fhuinneamh agus an fuinneamh in-athnuaite. Bhí sé ag obair roimhe seo don Aonad NewERA den Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a bunaíodh chun comhairle airgeadais corparáideach a sholáthar don Rialtas maidir le bainistiú agus diúscairt sócmhainní Stáit. D'oibrighsé freisin le NCB Airgeadas Corparáideach (ina chuid de Investec Éire anois) ar chumaisc agus éadálacha infreastruchtúir, agus tiomsú airgid.





### Léan Doody

Ceaptha ar an 31 Deireadh Fómhair 2018

Is í Léan an Ceannaire um Maoin Dhigiteach agus Cathracha don Eoraip ag Arup. Tá breis agus 20 bliain de thaithí ghairmiúil aici sa tionscal, lena n-áirítear taithí ar a bheith ag obair i gcomhar le cliaint éagsúla ó rialtais cathrach agus náisiúnta chuig forbróirí príobháideacha, agus ar thionscadail éagsúla a bhaineann le straitéis fhairsing agus obair bheartais maidir le conas an teicneolaíocht chliste a chur i bhfeidhm. Ina measc an obair thionscadail ata déanta aici le déanaí áirítear straitéis dhigiteach agus obair bheartais do rialtais na Danmhairge agus Singeapór, Údarás Londain Mhór, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Sydney, Canberra agus mórthionscadail mháistirphleanála i Maidrid, i Singeapór agus in Dubai. Sa réimse fada fairsing seo, bhí sí gníomhach ag obair le hinstitiúidí taighde agus le comhlachtaí tionscail chun cláir oibre agus caighdeáin idirnáisiúnta a shocrú, lena n-áirítear an Instiitiúid um Chaighdeáin na Breataine agus Ionad Bonneagair Chliste agus Foirgníocht Cambridge. Is Léachtóir Sinsearach Oinigh í i gColáiste na hOllscoile, Londain sa Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Polasaí Poiblí agus is scrúdaitheoir seachtrach í ag Coláiste Ríoga na hEalaín i Londain chomh maith.

### Werner Kruckow

Iar-Stiúrthóir Tionscadail le Siemens Corporate Development, ceapadh é ar an 31 Deireadh Fómhair 2018 agus d'imigh sé ar scoir an 18 Eanáir 2019

Ta dhá Choiste bunaithe ag Bord SEAI mar a leanas:

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord a dhualgaisí cuntasóireachta agus dlí a chomhlíonadh; bíonn sé i dteagmháil le hiniúchtóirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchadh inmheánach; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar an gcóras rialaithe inmheánach, ar an bpróiseas bainistiú agus measúnú riosca, Clár Rioscaí SEAI san áireamh, agus socruithe baincéireachta agus buiséadaithe thar lear. Feidhmíonn an Coiste ar bhonn neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchadh san áireamh. Tuairiscíonn Coiste don Bhord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil. Thionóil an Coiste ocht gcruinniú dá chuid in 2018. Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste agus beirt chomhaltaí seachtracha atá ceaptha ag an mBord.

### Comhaltaí

Sean Wyse (Cathaoirleach - seachtrach)

Gerry Donnelly (comhalta seachtrach, ceaptha an 29 Bealtaine 2013) Lisa Ryan (ceaptha an 27 Iúil 2016)

Michael Wall (ceaptha an 27 Iúil 2016)

Ann Markey (ceaptha an 27 Meitheamh 2018)

Ann Markey (appointed 27 June 2018)

## An Coiste um Bainistíocht Feidhmíochta & Luach Saothair

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha an POF, laistigh de threoirlínte atá leagtha síos ag an Rialtas. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an POF ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs spriocanna comhaontaithe agus an Comhaontú Seirbhíse idir SEAI agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. Ina theannta sin, faomhann an Coiste Plean Gníomhaíochta an Údaráis maidir le Comhaontuithe na hEarnála Phoiblí, má bhaineann siad le hábhar. Thionóil an Coiste dhá chruinniú dá chuid in 2018.

### Comhaltaí

Julie O'Neill (Cathaoirleach)

Kevin Brady

Michael Mc Garry

## Tinreamh Boird/Coiste

| COMHALTA BHOIRD | TINREAMH BOIRD (9 GCRUINNIÚ TIONÓLTA IN 2018) | TINREAMH AR AN GCOISTE INIÚCHÓIREACHTA & RIOSCA (8 GCRUINNIÚ TIONÓLTA IN 2018) | TINREAMH AR AN GCOISTE UM BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA & LUACHA SAOTHAIR (2 CHRUINNIÚ TIONÓLTA IN 2018) | TÁILLÍ 2018 (€) | COSTAIS 2018 (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Julie O'Neill | 9 | N/B | 2 | 11,970 | |
| Jim Gannon | 8 | N/B | N/B | NE | |
| Anne Farrell (b) | 7 | N/B | N/B | 5,827 | |
| Michael McGarry | 8 | N/B | 2 | 7,695 | 438 |
| Peter Brennan | 8 | N/B | N/B | 7,639 | |
| Lisa Ryan | 9 | 8 | N/B | 7,639 | |
| Michael Wall | 9 | 8 | N/B | 7,639 | |
| Kevin Brady | 8 | N/B | 2 | NE | |
| Kate Ruddock | 9 | N/B | N/B | 7,695 | |
| Andrew Ennis | 9 | N/B | N/B | 7,695 | |
| Ann Markey (d) | 9 | 4 | N/B | 7,695 | |
| Léan Doody (c) | 1 | N/B | N/B | 1,310 | |
| Werner Kruckow (c) | NE | N/B | N/B | 1,310 | |



(a) Tá beirt chomhaltaí seachtracha (neamh-Bhord) ar an gCoiste seo

(b) Ar scor an 2 Deireadh Fómhair 2018 ag deireadh a théarma

(c) Ceaptha an 31 Deireadh Fómhair 2018

(d) Ceaptha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 27 Meitheamh 2018

Bhí beirt chomhaltaí Boird (Kevin Brady agus Jim Gannon (POF) nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

## Athruithe Tábhachta san Fhoireann

D'éirigh comhalta Boird amháin as an mBord le linn 2018. D'imigh Anne Farrell ar scor an 2 Deireadh Fómhair 2018 ag deireadh a téarma

## Nochtadh atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann SEAI Éire Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. De réir an chóid, is gá na nithe a leanas a nochtadh. Ceanglaítear leis an gCód an t-ábhar seo a leanas a bheith nochta:

Áirítear miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe agus nochtadh taistil agus cothabhála i Nótaí 5 agus 7 a ghabhann leis na ráitis airgeadais faoi seach.

## Costais Sainchomhairleora

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairleachta seachtraí don bhainistíocht agus ní cuimsítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe gur gnáthghnó na heagraíochta iad.

| MIONS | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 580 | 214 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | 70 | 4 |
| Acmhainní Daonna | 1 | 47 |
| Clár/Eagraíochtúil Feadbhsú | 386 | 472 |
| Forbairt Scéimeanna | 732 | 314 |
| Eile | - | 3 |
| **Total** | **1,769** | **1,054** |

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Sainchomhairleora Caipitlithe | - | - |
| Costais Sainchomhairleora Gearrtha ar Ioncam & Caiteachas & Cúlchiste Ioncaim Coinnithe | 1,769 | 1,054 |
| **Total** | **1,769** | **1,054** |

## Costais Dlí agus Socruithe Dlí

Sa tábla thíos tá miondealú ar chostais dlí atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuarascála. Ní dhearnadh aon socraíocht le linn 2018.

| MIONSONRAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 501 | 208 |
| Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí | 79 | 6 |
| **Total** | **580** | **214** |

## Caiteachas ar an Fháilteachas agus ar Leas na Foirne

Cuimsítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais na speansais ar fháilteachas seo a leanas (níor tabhaíodh aon speanscais ar fháilteachas a bhain le cliaint):

| MIONSONRAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas & Leas na Foirne | 23 | 23 |

## Ráiteas Comhlíonta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú , Bhí an SEAI ag comhlíonadh go hiomlán leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 agus gnásanna a chur in áit chun géilliúlacht leis an gCód sin a chinntiú.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Julie O'Neill

**Julie O'Neill**, Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019

# Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Barúil faoi na Ráitis Airgeadais

Tá Ráitis Airgeadais an Údaráis Fhuinnimh Inmharthana na hÉireann iniúchta agam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a éilítear faoi fhorálacha ailt 24 den Acht um Fhuinneamh Inbhuanaithe 2012. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

—an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchiste ioncaim coinnithe

—an ráiteas ar ioncam cuimsitheach

—an ráiteas ar staid an airgeadais

—an ráiteas ar an sreabhadh airgid agus

—na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasaíochta

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2018 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

## Bonn na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar aon dul le Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAanna) de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí a chuirtear orm de réir na caighdeán sin ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus tá mo fhreagrachtaí eile eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeáin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá bailithe agam leordhóthanach iomchuí chun bonn a chur le mo thuairim.

## Tuairisc ar eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialuithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, chomh maith leis an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá agam chun tuairisciú maidir le heolas dá leithéid, chomh maith le ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht. Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis sin.

**Seamus McCarthy** / An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2019

Aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as

—ullmhúchán ráitis airgeadais san fhoirm atá fhorordaithe in alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002

—cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102

—an rialtacht idirbhearta a chinntiú

—meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht an bhoinn leanúnaigh leis an gcuntasaíocht, agus

—cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.



## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2012, tá ceangal orm ráitis airgeadais an Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a iniúchadh agus tuairisc ina dtaobh a thabhairt roimh Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna mí-ráiteas ábhartha i gcónaí. Féadtar míráiteas teacht as calaois nó earráid agus measctar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadtar a mheas go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

—Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin;

agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.

—Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

—Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta gaolmhar.

—Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. É sin ráite, d'fhéadfadh rudaí titim amach nó d'fhéadfadh athrú teacht ar chúinsí, a bheadh mar thoradh air, nach bhfuil SEAI ábalta feidhmiú a thuilleadh mar ghnóthas leantach.

—Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

### Eolas nach mbaineann leis na Ráitis Airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith. I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar Cheisteanna Eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Déanaim tuairisc má sainaithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má éiríonn liom a nochtadh aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

—nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó

—nach raibh na taifead cuntasaíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó

—nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaíochta.

# Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhoird an Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, aithním go bhfuil dualgas ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánach i bhfeidhm i gcónaí. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

## Cuspóir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun bainisteoireacht a dhéanamh ar riosca go leibhéal infhulaingthe seachas chun déanamh réidh de ar fad. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a réitíonn leis na treoracha a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in ionad san údarás don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas chun an Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ag SEAI ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Is ball í an Cathaoirleach den Choiste seo. Tháinig an CIR le chéile comórtas ocht n-uaire in 2018.

Tá an SEAI tar éis feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a bhunú chomh maith dá dtugtar acmhainní di agus lena dtugtar clár oibre ar fáil de réir mar a dhéantar aontas air i gcomhar leis an ARC. Faoi láthair tá an obair seo faoi chonradh ag Mazars.

Tá an eagraíocht tar éis polasaí um bainistiú riosca a fhorbairt lena leagtar amach an dúil sa riosca atá san eagraíocht, na próisis bainistíochta riosca atá socraithe agus sonraí faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ag an bhfoireann i dtaca leis an riosca. Táthar tar éis an polasaí a eisiúint do na bhaill foirne go léir atá beartaithe le bheith ag obair faoi pholasaithe um bainistíocht

riosca an SEAI, chun an bainisteoireacht a chur san airdeall maidir le rioscaí éiritheacha, chun lagaí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse chúraim féin.

Comhlíonta Chlár Inmheánach SEAI athbhreithniú ar agus stiúrann sé an obair a dhéantar chun calaois, más ann dó, a thabhairt chun solais. Úsáidtear nósanna imeachta agus próisis iniúchta agus Tá an Coiste Comhlíonadh Cláir déanta suas de Bhainisteoirí trasfheidhmiúil a dhéanann athbhreithniú ar gach eisceacht agus cúis imní a d'fhéadfadh calaois a bheith mar bhonn leis, agus ar chásanna de neamhchomhlíonadh tromchúiseach. Cuireann siad treorú oibiachtúil ar fáil láithreach, mar aon le tacaíocht don bhainistíocht líne agus don fhoireann chun na rioscaí seo a mhaolú.

Má aithníonn SEAI go bhfuil suimeanna ar gá a aisíoc do SEAI de bharr neamhrialtachtaí nó sárú téarmaí agus coinníollacha deontais, lorgófar aisíocaíochtaí deontais ó na húinéirí tí/ conraitheoirí ábhartha. Nuair is gá, cuirfear in iúl é do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag SEAI a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhoilliú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann do SEAI agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta. Déanann an Coiste an clár a athbhreithniú agus a uasdhátú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí seo chun plean iniúchta inmheánach a phleanáil don bhliain agus chun acmhainní a dháileadh le go gcoimeádfaí na rioscaí ag leibhéal at atá inghlactha.

Sa chlár rioscaí cuirtear síos sonraí ar na rialaithe agus ar na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialaithe do bhaill foirne ar leith.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

—Tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha;

—Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir;

—Tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air;

—Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;

—Tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní; agus

—Le gnásanna rialaithe maidir leis an maoiniúchán deontas le gníomhaireachtaí seachtracha déantar a áirithiú go bhfuil rialú leordhóthanach ar fhaomhadh deontas agus go ndéantar dóthain monatóireachta agus athbhreithnithe ar daoine a bhfaigheann deontais chun áirithiú gurb é leis an críoch a bhí beartaithe leis an maoiniú a caitheadh air.



## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an mBord ar an eolas faoi aon lagaithe rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha i bhfeidhm de réir mar seo a leanas;

—go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú;

—go bhfuil socruithe tuairiscithe bunaithe ag na leibhéil uile ar bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta

—go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais agus feidhmiúcháin lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an SEAI chun comhlíonadh le rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus le linn 2018 chloígh an SEAI leis na nósanna imeachta sin seachas soláthar Foirne Gníomhaireachta i gcás go raibh an caiteachas a tabhaíodh níos mó ná an costas tosaigh a réamh-mheasadh. Mar thoradh air seo,níor comhlíonadh leibhéil tairsí soláthair. Tabhaíodh díreach os cionn €1 milliún thar ghníomhaireachtaí earcaíochta. Bhain thart ar €175,000 den mhéid seo le táillí gníomhaireachta agus bhain an chuid eile, €825,000, le costas tuarastail na ndaoine a earcaíodh. Tógadh próiseas tairisceana chun críche chun aghaidh a thabhairt ar an gceist in 2018 agus tá comhaontú creatlaí nua i bhfeidhm anois.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht


Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun éifeachtúlacht na bainistíochta riosca agus an rialaithe a mhonatóiriú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú SEAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais bunaithe ar obair na hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de SEAI atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go bhfuil an Bord tar éis athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na srianta inmheánacha in 2018.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor tháinig aon laigí chun solais maidir le rialú inmheánach in 2018 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. seachas an cás soláthair dá dtagraítear thuas.

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Julie O'Neill**, Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais Stáit | 2 | 146,858 | 104,815 |
| Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh | 9 | 2,429 | 2,556 |
| Ioncam Conartha AE | 3 | 43 | 4 |
| Ioncam Eile | 4 | 76 | 176 |
| Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin don Bhliain | 15(c) | 1,809 | 1,631 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin a Íocadh Amach leis an RCGAT & leis an RCPA | 5.1 | (283) | (225) |
| Glanaistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (46) | (53) |
| **Ioncam Iomlán** | | **150,886** | **108,904** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Riaracháin | 5 | 12,462 | 9,980 |
| Caiteachas Cláir | 6 | 135,362 | 96,681 |
| Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh | 9 | 2,625 | 3,018 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **150,449** | **109,679** |
| **Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasaí** | | **437** | **(775)** |
| **LEITHREASAÍ** | | | |
| Gluaiseacht i Suimeanna dlite don RCGAT | 8 | (70) | (21) |
| **Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí** | | **367** | **(796)** |
| **Farasbarr amhail an 1 Eanáir** | | **197** | **993** |
| **FARASBARR AMHAIL AN 31 NOLLAIG** | | **564** | **197** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



**Julie O'Neill**, Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019



**Jim Gannon**, Príomhfheidhmeannach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019



# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH** | | | |
| Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí | | 367 | (796) |
| Caillteanas Taithí ar Dhualgais Sochair Scoir | | (554) | (996) |
| Gnóthachan Achtúireach ag eascairt as Athruithe ar Thoimhdí atá mar bhonn & taca le Luach Reatha Dualgais Sochair Scoir | | 588 | 480 |
| Caillteanas/Gnóthachan Achtúireach sa Bhliain | 15 | 34 | (516) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha | 15 | (34) | 516 |
| **FARASBARR/(EASNAMH) IOMLÁN TUAIRISCITHE DON BHLIAIN** | | **367** | **(796)** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



**Julie O'Neill**, Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019



**Jim Gannon**, Príomhfheidhmeannach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 10 | **328** | **282** |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Airgead Tirim & a Choibhéis | 14 | 4,700 | 4,313 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 11 | 1,476 | 1,135 |
| | | **6,176** | **5,448** |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Suimeanna Iníoctha & Fabhruithe | 12 | **(5,612)** | **(5,251)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **564** | **197** |
| Chomaoin um Shocair Scoir | 15 B | (31,631) | (29,856) |
| Sócmhainn Maoinithe um Shochair Scoir Iarchurtha | 15 B | 31,631 | 29,856 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | **892** | **479** |
| **ARNA LÉIRIÚ AG** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 13 | 328 | 282 |
| Cúlchiste Ioncaim Choinnithe | | 564 | 197 |
| | | **892** | **479** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**, Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019

**Jim Gannon**, Príomhfheidhmeannach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019



# Ráiteas ar na Sreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **GLANSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| Ioncam Breise thar Caiteachais | | 367 | (796) |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | 13 | 46 | 53 |
| Ús Bainc Íoctha | | 31 | - |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 10 | 433 | 333 |
| (Méadú)/Laghdú ar na Cuntais | 11 | (341) | (337) |
| Infhála Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Iníoctha | | 362 | 1,368 |
| **Net Cash Flow From Operating Activities** | | **898** | **621** |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó OIBRIÚCHÁIN INFHEISTITHE** | | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra & Trealamh a Insealbhú | 10 | (479) | (275) |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó OIBRIÚCHÁIN MAOINITHE** | | | |
| Ús Bainc Íoctha | | (31) | - |
| **Méadú glan ar airgead tirim agus ar a choibhéisí** | | **388** | **346** |
| Glanmhéadú/(Glanlaghdú) san Airgead Tirim nó a Choibhéis | | 388 | 346 |
| Airgead tirim nó a Choibhéis Amhail ar an 1 Eanáir | | 4,219 | 3,873 |
| **Airgead tirim agus a choibhéis amhail ar an 31 Nollaig (Nóta 14)** | | **4,607** | **4,219** |

Ní áirítear an tsuim de €93,699 a choinnítear i gcuntas bainc ar leith a bhaineann le tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 san iarmhéid de €4,606,723 (féach Nóta 14).

Cuimsítear Nótaí 1 - 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**, Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019

**Jim Gannon**, Príomhfheidhmeannach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2019

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartas Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach ag seo thíos. Cuireadh i bhfeidhm na beartais seo go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na blianta go léir roimhe seo.

### (A) An Tréimhse i gceist sna Ráiteas Airgeadais

Cumhdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018.

### (B) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, seachas má luaitear a mhalairt thíos. Ullmhaítear iad i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi coinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormáid a d'fhaomh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil.
Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro.

### (C) Deontais Stáit

Léirítear i nDeontais Stáit (Nóta 2), Aisíocaíochtaí Deontais agus Ioncam Ceardlainne (Ioncam Eile - Nóta 4) a léirítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta an méid a fuarthas sa bhliain.

### (D) Caiteachas Deontais

Tuairiscítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta nuair a comhlíonadh gach coinníoll a bhaineann leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe dá chuid. Laghdófar Ceangaltais Deontais ar íocaíocht deontais nó ar éag an chomhaontaithe deontais. Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 16.

### E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dhíreach d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil mheasta

Mótarfheithiclí 20%
Daingeáin agus Feistis 33.33%
Trealamh agus Bogearraí TF 33.33%
Trealamh Oifige 33.33%
Clár na nAigéan 33.33%

Baineann na breisiúcháin le Daingneáin agus Feistis sa bhliain reatha le hoibreacha a críochnaíodh i dTeach Pháirc Wilton. Dímheastariad seo i gcaitheamh tréimhse dhá bliain ar aon dul leis an téarma léasa atá fágtha.

Tuairiscítear an Talamh ar a chostas. Sa chás go bhfuil nod ann go bhfuil suimeanna in-aisghabhála sócmhainne atá níos lú ná a luach tugtha anonn, déantar athbhreithniú bearnúcháin. Má tá an méid in-aisghabhála níos lú ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear an tsócmhainn síos go dtí a méid in-aisghabhála as a leanann caillteanas lagaithe. Tuairiscítear caillteanais bhearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais láithreach.

Dímheastar sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 go hiomlán i mbliain na héadála. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na héadála; ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Tuairiscítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb é sin an difríocht idir na fáltais díola agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a thagann chun solais ar dhiúscairt nó scor earra sócmhainní seasta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sna ráitis airgeadais go dtí nach bhfuil siad á n-úsáid níos mó.

Déantar Costais Forbartha Córas TF a bhaineann le cláir ar leith an SEAI cláir a ghearradh sa bhliain ina dtiteann siad amach. Rinne an bhainistíocht breithniú ar an mbeartas agus creideann siad, mar gheall ar chineál dinimiciúil agus athraitheach na gclár, is na costais seo a ghearradh.

### F) Aoisliúntas

Foráiltear in Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 do scéim aoisliúntais a bhunú ag an Údarás. Scéim le sochar sainithe is ea an scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille um phinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh. Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a tharlaíonn dliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón DCCAE.Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is ionann cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.



Chomh maithe leis sin, déanann an tÚdarás an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) a fheidhmiú, gur scéim phinsin shochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íochtar ranníocaíochtaí de chuid bhaill na Scéime Aonair.

Áirítear na dliteanais ghaolmhara maidir le híocaíochtaí pinsin amach anseo le ráitis airgeadais an SEAI.

### (G) An Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### (H) Léasanna

Tuairiscítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a fhaigheann an SEAI leas as an áitreabh.

### (I) Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)

Gineann an tÚdarás ioncam EPBD faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leo roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 (arna leasú). Faoin reachtaíocht, caithfidh úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuairisc Chomhairleach a sholáthar do cheannaitheoirí nó tionóntaithe ionchasacha nuair a dhéantar foirgneamh a thógáil, a dhíol nó a ligean ar cíos.

Tá táillí éagsúla iníoctha maidir le BER lena n-áirítear táille ar chlárú measúnóra agus tobhach maidir le gach measúnú BER a chuirtear isteach sa tréimhse chuig an Údarás chun Teastas BER a eisiúint. Cuirtear ioncam EPBD san áireamh ar bhonn fabhruithe.

### (J) Ioncam Conartha an AE

Is éard is ioncam conartha an AE ná ioncam ó ghníomhaíochtaí san Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite, cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistíocht imeachtaí ina measc is ea ioncam conartha an AE. Tuairiscítear ioncam de réir théarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar an am agus an fheidhmíocht riachtanais an chonartha. De réir mar a chuirtear cistí den sórt sin ar ais chuig DCCAE aithnítear dliteanas comhfhreagrach ar aitheantas an ioncaim.

### (K) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

Maidir le costais phinsin, tá na toimhdí taobh thiar de na l uachálacha achtúireacha lena áirítear na suimeanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil phá todhchaíoch, sna rátaí báis agus sna rátaí treochta i gcostais cúram sláinte) a uasdátú uair sa bhliain de réir an staid eacnamaíochta a bhíonn i réim ag an am, agus de réir aon athruithe ábhartha a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna um pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo

## 2. Deontais Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, soláthraíonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil cistiú don Údarás chun tabhairt faoina fheidhmeanna.

Cuirtear an maoiniú go léir ar fáil tríd an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil (Vóta 29).

| CLÁR | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **RIARACHÁN SEAI** | | | |
| – Reatha | C3 | 10,297 | 8,590 |
| – Caipiteal | C3 | 737 | - |
| **CLÁIR FHUINNIMH INMHARTHANA** | | | |
| – Reatha | C4 | 11,297 | 6,576 |
| – Caipiteal | C4 | 116,481 | 83,547 |
| **CLÁIR THAIGHDE FUINNIMH** | | | |
| – Reatha | C5 | 754 | 845 |
| – Caipiteal | C5 | 7,292 | 5,257 |
| **Caiteachas Clár Iomlán** | | **146,858** | **104,815** |

## 3. Ioncam Conartha an AE

Ó ghníomhaíochtaí in Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite, cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, comhordú agus bainistíocht taighde agus imeachtaí iad na cistí €42,804 (2017: -€4,264) ó chonarthaí an AE.

Fabhraítear an t-ioncam ar bhonn bliantúil bunaithe ar thoimhdí a bhíonn i gceist ag an am sin. Luainíonn na suimeanna ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha. D'fhéadfadh méadú nó laghdú ar ioncam ó bhliain go bliain eascairt as seo.

Aisíoctar aon íocaíochtaí a fuarthas i rith na bliana agus a bhaineann le gníomhaíochtaí atá críochnaithe ar ais leis an RCGAT.

## 4. Ioncam Eile

Is éard atá in ioncam eile ná fáltais ó chúrsaí agus fáltais urraíochta.

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Urraíocht Dámhachtainí Fuinnimh Inbhuanaithe | 30 | 45 |
| Ioncam Eile | 46 | 33 |
| Clár Scoile Smaoineamh Maith Amháin | - | 98 |
| | **76** | **176** |

## 5. Caiteachas Riaracháin

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail agus Táillí | 5.1 | 6,634 | 5,258 |
| Costais Phinsin | 15 | 1,825 | 1,589 |
| Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas | 5.2 | 248 | 347 |
| Fógraíocht & Bolscaireacht | 5.3 | 462 | 247 |
| Táillí Gairmiúla Ginearálta | 5.4 | 109 | 86 |
| Riarachán | 5.5 | 3,184 | 2,453 |
| | | **12,462** | **9,980** |

## 5.1 Tuarastail agus Muirir Ghaolmhara

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha | | 5,333 | 4,148 |
| Ranníocaíocht Fostóra le Leas Sóisialach | | 526 | 405 |
| Foireann Gníomhaireachta/ Chonartha | | 703 | 630 |
| Díolaíochtaí Chomhaltaí Boird | 18 | 71 | 75 |
| | | **6,634** | **5,258** |

Níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain (2017: €0). Níor íocadh aon íocaíochtaí ragoibre sa bhliain (2017: €0) Asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí a aisíoctar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son nahAeráide agus Comhshaoil i dtaca le scéim sochair an SEAI. Aisíocadh suim de €160,257 (2017: € 148,490) in 2018. Cuireadh suim bhreise de €122,618 (2017: €76,510) ar ais chuig an RCPA i leith asbhaintí ball den Scéim Aonair. Ba é €282,875 (2017: €225,000) iomlán na ranníocaíochtaí fostaí a cuireadh ar ais in 2018. Ní cheanglaítear ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh leis an scéim.

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapadh an POF reatha an 23 Bealtaine 2016. Is ionann a luach saothair in 2018 agus €122,941 (2017: €119,648) agus bhí costais €4,597 (2017: € 8,335) ag baint leis. Ní sháraíonn teidlíocht pinsin an POF reatha na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aonair pinsin samhla na hearnála poiblí. Ní áirítear lena chonradh scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil/réamhriachtanais.

### Luach Saothair na Príomhbhainistíochta

Is ionann na príomhphearsanra bainistíochta in SEAI in 2017 agus 2018 agus an POF, an COO agus seachtar gCeannasaithe Roinne. Is mar seo a leanas atá luach iomlán na sochar fostaithe a bhaineann leis na baill bainisteoireachta príomhúla:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Tuara | 894,096 | 806,162 |



Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na bainistíochta na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim eiseamláireach san earnáil phoiblí nó i scéim aonair na hearnála poiblí. Ní áirítear i gConarthaí Fostaíochta scéim luaíochta a bhaineann le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil/aontas.

### Tobhach Pinsin

Asbhaineadh €275,621 (2017: €205,683) de thobhach pinsin as tuarastail agus íocadh é leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil le linn na bliana.

### Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma d'Fhostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas:

| BANDA | Líon na bhFostaithe amhail an 31 Nollaig 2018 | Líon na bhFostaithe amhail an 31 Nollaig 2017 |
|---|---|---|
| 60,000 – 69,999 | 10 | 8 |
| 70,000 – 79,999 | 5 | 11 |
| 80,000 – 89,999 | 20 | 7 |
| 90,000 – 99,999 | 2 | 4 |
| 100,000 – 109,999 | 3 | 0 |
| 110,000 – 119,999 | 0 | 1 |
| 120,000 – 129,999 | 1 | 0 |

Chun críche an nochta seo, san áireamh le sochair 0 ghearrthéarmacha an fhostaí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tá tuarastal ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

### Táillí Boird

Tá táillí an Bhoird tuairiscithe i Nóta 18.

### Conradh Buan agus Fadtéarmach

Ba é an líon fostaithe buana agus fadtéarmacha conartha don tréimhse ná 89 (2017: 68), ar an meán.

## 5.2 Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Earcú Foirne, Oiliúint Córais AD | 238 | 328 |
| Síntiúis Foirne & Foilseacháin | 10 | 19 |
| | **248** | **347** |

## 5.3 Fógraíocht agus Bolscaireacht

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Fógraíochta | 223 | 29 |
| Priontáil & Dearadh | 56 | 50 |
| Urraíocht | 27 | 30 |
| Cumarsáid & Caidreamh Poiblí | 111 | 97 |
| Eile | 45 | 41 |
| | **462** | **247** |

## 5.4 Táillí Gairmiúla

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Forbairt Eagraíochtúil | 68 | 47 |
| Táillí | 41 | 39 |
| | **109** | **86** |

Athrangaíodh caiteachas de €318k in 2017 a bhaineann le Clár na Scoileanna ó chaiteachas Riaracháin go Caiteachas Cláir.

## 5.5 Riarachán Ginearálta

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí & Táillí | 1,049 | 612 |
| Taisteal & Cothabháil - An Fhoireann | 13 | 13 |
| Taisteal & Cothabháil - An Bord | 1 | 2 |
| Caiteachas Ginearálta TF | 2 | 10 |
| Cothabháil | 412 | 382 |
| Forbairt Córais TF | 163 | 155 |
| Ceadúnais TF | 324 | 307 |
| Tomhaltáin | 71 | 55 |
| Deasc Chabhrach TF | 179 | 131 |
| Dímheas | 433 | 333 |
| Táillí Iniúchóireachta - Seachtrach | 32 | 32 |
| Táillí Iniúchóireachta - Inmheánach | 36 | 34 |
| Árachas agus Dlí | 128 | 77 |
| Línte Teileafóin & Ríomhshonraí | 153 | 165 |
| Stáiseanóireacht | 14 | 8 |
| Eile | 174 | 137 |
| | **3,184** | **2,453** |

## 6. Caiteachas Clár

Cuimsítear na nithe seo a leanas le Caiteachas Clár:

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **AN ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH** | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo | 6.1 | 35,682 | 24,381 |
| Teas Fuinnimh Níos Fear Folláine | 6.2 | 12,056 | 6,912 |
| Clár Tionscail & Gnó | 6.3 | 4,081 | 3,355 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 6.4 | 20,134 | 18,764 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí | 6.5 | 14,222 | 6,720 |
| Clár na Scoileanna | 6.6 | 443 | 318 |
| Faireachas Margaidh | 6.7 | 405 | 302 |
| An Clár um Fhorbairt Iarfheistithe | 6.8 | 1,194 | 1,011 |
| Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite | 6.9 | 969 | 11 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 6.10 | 18,277 | 22,196 |
| Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe | 6.11 | 2,318 | 540 |
| Méadracht Chliste Fuinnimh Níos Fearr | 6.12 | 29 | 54 |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | 6.13 | 673 | 436 |
| Iarfheistiú Domhain | 6.14 | 5,294 | 877 |
| **AN FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | |
| Taighde, Forbairt & Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite | 6.15 | 3,498 | 2,231 |
| Fuinneamh | 6.16 | 4,218 | 3,397 |
| **AN NUÁLAÍOCHT & AN COMHTHÁTHÚ** | | | |
| Ag Tabhairt Eolas don Anailís ar Bheartas | 6.17 | 407 | 24 |
| An Comhordú Straitéiseach & Idirnáisiúnta | 6.18 | 386 | 245 |
| Staitisticí & Samhaltú Fuinnimh | 6.19 | 351 | 429 |
| Feithiclí | 6.20 | 10,725 | 4,478 |
| | | **135,362** | **96,681** |



Áirítear na costais riaracháin go léir a bhaineann go díreach le caiteachas clár sna costais chlár thuas.

Athrangaíodh caiteachas de €318k in 2017 a bhaineann le Clár na Scoileanna ó chaiteachas Riaracháin go Caiteachas Cláir.

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain a athrangú agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

## 6.1 Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 32,393 | 20,090 |
| Deontais Eisithe | - | 10 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 2,619 | 3,136 |
| Bainistíocht Custaiméirí & Dearbhú Cáilíochta | 364 | 643 |
| Costais | 81 | 134 |
| Forbairt & Cothabháil Córais TF | 224 | 361 |
| Costais Taistil | 1 | 7 |
| | **35,682** | **24,381** |

Tugtar tacaíocht le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe faoi úinéireacht phríobháideach a bhfuil bochtaineacht bhreosla acu leis an scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo. In 2017, rinneadh 6,532 uasghrádú faoin scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo, agus in 2018, rinneadh uasghrádú ar 5,237 cinn.

Go dtí 2018, bhí an scéim dírithe den chuid is mó ar bhearta éadomhain a sheachadadh mar insliú áiléir agus cuasbhalla. Mar sin féin, tar éis fógra a thug an tAire i mí an Mhárta 2018, tugadh athrú suntasach isteach sa scéim agus méadaíodh na bearta inslithe ballaí chun insliú inmheánach agus seachtrach balla a áireamh mar ghnáthchaighdeán.

## 6.2 Teas Fuinnimh Níos Fear agus Folláine

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 11,546 | 6,535 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 387 | 196 |
| Feidhmiú/Cur Chun Cinn Clár | 123 | 181 |
| | **12,056** | **6,912** |

Tá sé mar aidhm ag an Scéim Teasa agus Folláine feabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine leochaileacha a bhfuil riochtaí riospráide ainsealacha orthu. In 2017, rinneadh 362 uasghrádú faoin Scéim Teasa & Folláine, agus in 2018, rinneadh uasghrádú ar 437. Cuireadh na bearta breise dá dtagraítear i Nóta 6.1 i bhfeidhm freisin sa scéim Teasa agus Folláine in 2018.

## 6.3 Clár Tionscail agus Gnó

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| EXEED | 1,731 | 1,556 |
| Comhaontuithe Fuinnimh & LIEN | 499 | 451 |
| Píolótaí Caipitil FBM | 1,173 | 725 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur Chun Cinn sa Ghnó | 192 | 175 |
| Costais Oibríochtúla SAA/Triple E | 267 | 181 |
| Costas FBM & Tionscail Eile | 187 | 134 |
| Forbairt Córais TF & Costas Cothabhála | 20 | 124 |
| Costais Taistil | 12 | 9 |
| | **4,081** | **3,355** |

Tacaíonn an clár seo le hiarrachtaí i measc na n-earnálacha uile gnó chun glacadh le héifeachtúlacht fuinnimh a bhrostú. Baintear seo amach trí líonraí agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrach fuinnimh a chur chun cinn i leith caighdeán den chéad scoth, agus margaí á bhforbairt do sheirbhísí agus comhairle faoi éifeachtúlacht fuinnimh. Leanadh ar aghaidh le gníomhartha píolótacha (Soilsiú agus Feirmeacha Déiríochta) in 2018 chun tionscadail a ionsamhlú san earnáil Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

Is scéim deimhniúcháin sócmhainní é SEAI EXEED Certified (SEAI EXEED Deimhnithe) a thugann aghaidh ar fheidhmíocht fuinnimh agus carbóin ar feadh an tsaoil, i ngach earnáil, le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann (tríd an DCCAE). EXEED Deimhnithe a bheith curtha i bhfeidhm in aon ghnó leis na hearnálacha tráchtála, tionsclaíochta nó poiblí.

## 6.4 Tithe Níos Fearr Fuinnimh

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 17,221 | 16,330 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 781 | 732 |
| Soláthar Oibríochtúil | 940 | 939 |
| Costais Eile | 100 | 175 |
| Costais TF | 511 | 406 |
| Fógraíoch | 340 | 172 |
| PV Gréine | 230 | - |
| Costais Taistil | 11 | 10 |
| | **20,134** | **18,764** |

Clár náisiúnta atá ar fáil do gach uile úinéir tí, lena n-áirítear tiarnaí talún teaghaisí, is é an Clár um Thithe Níos Fearr Fuinnimh. Déanann sé úinéirí tí a dhreasú chun tithe níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh a dhéanamh dá dtithe. Baintear é seo amach trí dheontais a sholáthar do shraith beart ar féidir iad a roghnú ina naonar, i dteannta a chéile mar mheascán agus ar bhonn céimneach chun iarfheistiú níos doimhne a bhaint amach. In 2018, tugadh isteach deontais le haghaidh teascaidéal agus scéim lacáiste do PV gréine. Tá tacaíochtaí curtha ar fáil le haghaidh an inslithe agus rialaitheoirí téimh i ndáil le tithe a tógadh roimh 2006 agus le haghaidh foinsí in-athnuaite chomh maith (teaschaidéil, teas gréine agus PV Gréine) ar thithe a tógadh roimh 2011. Méadaíodh luachanna na ndeontas in 2018 chun coinneáil suas leis na costais atá ag dul i méad. Tá an fhógraíocht bunaithe ar shlí chun an fheasacht ar na cláir chónaithe go léir a chur chun cinn. Is ionann an líon iomlán tithe a fuair tacaíocht agus 14,618 i ndáil le 2017 agus 14,301 i ndáil le 2018.

## 6.5 Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí | 12,328 | 5,363 |
| Deontais | - | 66 |
| Seirbhísí Comhairleacha Cliant | 1,162 | 724 |
| Forbairt & Cothabháil TF | 211 | - |
| Costais Oibríochtúla Eile | 192 | 154 |
| Biúró Teicniúil | 315 | 408 |
| Costais Taistil | 14 | 5 |
| | **14,222** | **6,720** |

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúracha bhainistíochta fuinnimh chun cinn agus soláthraíonn sé comhairle, meantóireacht agus oiliúint struchtúrach dhíreach ar éifeachtúlacht fuinnimh anuas ar shaintacaíochtaí teicniúla d'eagraíochtaí earnála poiblí. In 2018, leanadh ar aghaidh le ghníomhartha píolótacha chun cur chuige a thástáil le haghaidh gníomharthaiarfheistithe i bhfoirgnimh an rialtais láir, scoileanna agus san earnáil sláinte.

## 6.6 Clár na Scoileanna

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Clár na Scoileanna | 443 | 318 |
| | **443** | **318** |

Cabhraíonn clár scoileanna SEAI le meon, creidimh agus iompraíochtaí leanaí bunscoile agus iar-bhunscoile a threorú maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsítear leis an gclár meascán d'acmhainní teagaisc atá ailínithe ag an gcuraclam, ceardlanna idirghníomhacha daltaí, comórtais mac léinn agus oiliúint múinteoirí.

## 6.7 An Faireachas Margaidh

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Faireachas Margaidh | 405 | 302 |
| | **405** | **302** |

Cuireann an SEAI feidhmeanna faireachais margaidh i 1 bhfeidhm thar ceann an Aire Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil a bhfuil cáilíocht aige mar an tÚdarás Faireachais Margaidh é. Clúdaítear leis an Fhaireachas Margaidh - Ceanglais Éicidheartha do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir 2009/125/CE ón AE), Faisnéis maidir le Lipéadú agus Táirgí Caighdeánacha do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir 2010/30 / AE an AE) agus Lipéadú Boinn maidir le hÉifeachtúlacht Bhreosla agus Paraiméadair Riachtanacha Eile (Rialachán 1222/2009 CE).



## 6.8 An Clár um Fhorbairt Iarfheistithe

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Forbairt Clár & Córais | 919 | 526 |
| Costais | 244 | 331 |
| Comhairle Straitéiseach | 17 | 36 |
| Comhairle Chliaint | 2 | 105 |
| Costais Taistil | 12 | 13 |
| | **1,194** | **1,011** |

Tacaíonn Forbairt Iarfheistithe le forbairt níos leithne ar an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh de bhun Airteagal 7 den Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2012 agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo riarachán agus bainistíocht creidmheas fuinnimh chlár oibleagáidí soláthraí fuinnimh na hÉireann agus tacaíochtaí chun cláir nua iarfheistithe a fhorbairt.

## 6.9 Scéin Tacaíochta don Teas In-Athnuaite

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Theicniúil | 185 | - |
| Costais Eile | 552 | - |
| Forbairt Córais TF | 232 | - |
| Comhairle Chliaint | - | 11 |
| | **969** | **11** |

Tá an Scéim Tacaíochta don Teas In-athnuaite ceaptha chun teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a athsholáthar le córais téimh breosla iontaise. Tá dhá mheicníocht tacaíochta a chuimsítear leis an Scéim - tacaíocht oibríochtúil leanúnach don teeas úsáideach ó chórais téimh bithmhaise agus córais téimh díleá anaeróbach, chomh maith le deontas suiteála le haghaidh teaschaidéil leictreacha.

## 6.10 Pobail Fuinnimh Níos Fearr

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 17,681 | 21,604 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 130 | 139 |
| Feidhmiú/Cur Chun Cinn Clár | 466 | 453 |
| | **18,277** | **22,196** |

Tacaíonn an clár Pobail Fuinnimh Níos Fearr le tionscadail ar leibhéal pobail, a lorgaíonn go sonrach chun comhpháirtíochtaí nuálacha agus ceannródaíocha a thástáil lena soláthar, mar shampla, idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, na hearnálacha intíre agus neamh-intíre, tráchtála agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, tithe atá thíos le bochtaineacht fuinnimh ina measc. Le linn 2018 rinneadh cinneadh cuid de bhuiséad caipitil an BEC a leithdháileadh ar Phobail Fuinnimh Inmharthana (Nóta 6.11)

## 6.11 Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Chaipitil | 1,554 | - |
| Soláthar Oibríochtúil | 708 | 512 |
| Comhairle Straitéiseach | 47 | 17 |
| Costais Taistil | 9 | 11 |
| | **2,318** | **540** |

Is éard a bhaineann leis an gclár seo ná acmhainní a fhorbairt i bpobail lena chumasú tionscadail fuinnimh inbhuanaithe mhórscála a sholáthar agus an t-aistriú a bhaint amach chuig pobail fuinnimh inbhuanaithe (PFI). Tá líonra náisiúnta CSS forbartha aige agus breis is 230 comhalta ann faoi láthair (2017: 130).

## 6.12 Méadracht Chliste Fuinnimh Níos Fearr

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | - | 15 |
| Feidhmiú/Bolscaireacht Clár | 29 | 39 |
| | **29** | **54** |

Glacann an SEAI páirt sa tionscadal méadaraithe chliste atá comhordaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus tá baint acu i ngnéithe Idirchaidrimh Custaiméirí an chláir oibre seo. Tá an SEAI mar chomhordaitheoirí freisin ar an nGrúpa Feidhmithe d'Eangaí Cliste Fuinnimh Náisiúnta.

## 6.13 Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 281 | 193 |
| Staidéir Taighde Choimisiúnaithe | 250 | 85 |
| Costais Taistil | 2 | 4 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 140 | 154 |
| | **673** | **436** |

Tionscnamh Rialtais is ea an tionscadal Maoiniú Fuinnimh 0 Níos Fearr (BEF) a oibríonn chun réitigh margadhbhunaithe a shainaithint a d'fhéadfaí a fhorbairt mar mhalairt ar mhaoiniú an Státchiste a dhíriú agus an drogall a bhíonn ar thomhaltóirí fiacha a ghlacadh as feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh a shárú.

## 6.14 Iarfheistiú Domhain

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 4,753 | 752 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 33 | 26 |
| Forbairt Córais TF | 283 | 50 |
| Costais Taistil | 7 | 3 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 218 | 46 |
| | **5,294** | **877** |

Cruthaíodh an clár Píolótach um Iarfheistiú Domhain chun dul i ngleic le dúshlán na héifeachtúlachta fuinnimh in Éirinn. Fiosrófar sa chlár seo na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an iarfheistiú domhain. Cuirfear, leis an méid a fhoghlaimeofar sna cláir phíolótacha seo, leis an cur chuige a bheidh againn chun tabhairt faoin iarfheistiú mórscála domhain ar fhoirgnimh in Éirinn. Tá 211 teach iarfheistithe domhain tar éis a bheith curtha i gcrích ag an scéim phíolótach in 2018. Leis na tuiscint a bhfaighfear ó na tithe seo, cuirfear go mór leis an mbonn eolais maidir leis na réitigh a theastaíonn chun iarfheistiú a bhaint amach go dtí Rátáil A-BER agus freisin riachtanais iarfheistithe domhain in Éirinn amach anseo.

## 6.15 Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 3,246 | 2,011 |
| Oibriúchán Cláir Eile | 138 | 165 |
| Forbairt & Cothabháil TF | 47 | 9 |
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 37 | 24 |
| Costais Taistil | 30 | 22 |
| | **3,498** | **2,231** |

Tacaíonn an clár seo le tionscadail taighde, forbartha agus taispeána fuinnimh inmharthana náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus soláthraíonn sé anailís speisialaithe chun dul i ngleic le bacainní beartais agus teicneolaíochta ar imscaradh fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh agus dá bhrí sin cur chun feidhme a fheabhsú.

## 6.16 Ocean Energy

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 2,083 | 1,155 |
| Oibreacha ar Fochonradh | 1,733 | 1,638 |
| Costais Eile | 273 | 278 |
| Obair ar Láithreán Tástála Mhaigh Eo | 119 | 306 |
| Costais Taistil | 10 | 20 |
| | **4,218** | **3,397** |



Riarann an SEAI an Clár Fuinneamh Aigéin chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun forbairt Fuinneamh Aigéin in Éirinn (lena n-áirítear an tacaíocht leis an fuinneamh tonnta, taoide, agus gaoithe amach ón gcósta) a bhrostú, faoi mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha um Fhuinneamh In- Athnuaite Amach ón gCósta.

## 6.17 Ag Tabhairt Eolas don Anailís ar Bheartas

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Feidhmiú/Bolscaireacht Clár | 407 | 24 |
| | **407** | **24** |

Soláthraíonn an clár seo comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus imlonnú fuinnimh inbhuanaithe. Tá an chomhairle seo curtha in oiriúint ag an SEAI chun forbairt beartais fuinnimh inbhuanaithe a threorú in Éirinn. Tá béim agus acmhainní breise curtha ag an SEAI sa réimse seo in 2018.

## 6.18 An Comhordú Straitéiseach agus Idirnáisiúnta

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| An Comhordú Straitéiseach & Idirnáisiúnta | 386 | 245 |
| | **386** | **245** |

Tacaíonn an clár seo le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta cosúil leo 9 siúd a bhaineann leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), leis an gCoimisiún Eorpach agus le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta eile; agus costais a bhaineann le comhairle agus faisnéis neamhspleách a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le beartas agus nuálaíocht teicneolaíochta fuinnimh. In 2018 tá rannpháirtíocht leathnaithe ag an SEAI sa réimse seo. Bhain costais a tabhaíodh in 2017 go príomha le gníomhaíochtaí IEA

## 6.19 Staitisticí & Samhaltú Fuinnimh

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Taighde/Staidéir | 148 | 226 |
| Costais Eile | 141 | 190 |
| Costais Taistil | 35 | 10 |
| Forbairt & Cothabháil TF | 27 | 3 |
| | **351** | **429** |

Comhlíontar leis an gclár seo freagracht an SEAI as staitisticí cuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a chothabháil agus a fhoilsiú i dtaobh táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis seo, chomh maith, staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe agus anailís beartais chun bonn fianaise neamhspleách a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais náisiúnta, agus rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí plé beartais agus meastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta

## 6.20 Feithiclí Leictreacha

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 9,796 | 4,272 |
| Costais Eile | 310 | 116 |
| Fógraíoch | 526 | 10 |
| Forbairt & Cothabháil TF | 90 | 79 |
| Costais Taistil | 3 | 1 |
| | **10,725** | **4,478** |

Tá an clár seo ag tacú le teicneolaíocht leictreach a úsáid i gcóras iompair na hÉireann agus cuireann sé cúnamh deontais ar fáil chun feithiclí leictreacha a cheannach agus cuireann 2000 deontas leictreach breise ar fáil i 2018 (2017: 907 carr). Ar an 1 Eanáir 2018, sheol an SEAI an clár deontais um Luchtaire Tí Feithiclí Leictreacha agus tá díreach faoi 1000 deontas íoctha in 2018. Sheol an SEAI an clár náisiúnta um rannpháirtíocht phoiblí feithiclí leictreacha agus an láithreán gréasáin drivingelectric.ie.

## 7.1 Costais Sainchomhairleoireachta

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe an caiteachas comhairliúcháí atá rangaithe mar seo a leanas:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 580 | 214 |
| Caidreamh Poiblí/ Margaíocht | 70 | 4 |
| Acmhainní Daonna | 1 | 47 |
| Clár/Eagraíochtúil Feabhsú | 386 | 472 |
| Forbairt Scéimeanna | 732 | 314 |
| Eile | - | 3 |
| | **1,769** | **1,054** |

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairleachta seachtraí don bhainistíocht agus ní cuimsítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe gur gnáthghnó na heagraíochta iad.

## 7.2 Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe an caiteachas ar thaisteal agus cothabháil atá rangaithe mar seo a leanas:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Intíre – An Bord | - | 1 |
| Intíre – Fostaithe | 122 | 109 |
| Idirnáisiúnta – An Bord | - | - |
| International – Fostaithe | 32 | 26 |
| | **154** | **136** |

## 7.3 Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe an caiteachas ar an fháilteachas atá rangaithe mar seo a leanas:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne[1] | 23 | 23 |

1. Tá suim de €6,899 (2017: €4,922) san áireamh i gcaiteachas a bhaineann le baill foirne in 2018 maidir leis an chuid a chuir SEAI leis d'ócáid foirne aimsir na Nollag. Ranníocann an fhoireann leis an imeacht seo, chomh maith..

## 8. Leithreasaí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Conartha an AE | 43 | 4 |
| Aisíocaíochtaí Deontais | 10 | 17 |
| Eile | 17 | - |
| | **70** | **21** |

Cuirtear cistí nach ón Státchiste a fhaigheann an SEAI ar ais chuig an DCCAE. Áirítear na fáltais seo mar Leithreasaí-igCabhair ar an Vóta. Ós rud é go dtuairiscítear na cistí sin mar ioncam, aithnítear freisin dliteanas comhfhreagrach don DCCAE.

Sonraítear sa nóta thuas an ghluaiseacht sa mhéid atá dlite don DCCAE le linn 2018.

Fabhraítear Ioncam Conartha an AE ar bhonn bliantúil (féach Nóta 3) agus is féidir leis athrú ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha.

## 9. Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Oibriúchán Cláir Sheachfhoinsithe | 596 | 730 |
| Seachadadh & Forbairt Clár | 91 | 129 |
| Dearbhú Cáilíochta | 1,002 | 1,043 |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | 398 | 333 |
| Forbairt Córais TF | 531 | 774 |
| Costais Taistil | 7 | 9 |
| | **2,625** | **3,018** |

Ainmníodh an SEAI mar an Údarás Eisiúna atá freagrach as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí agus córais TF a sholáthar do mheasúnuithe, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus as bainistíocht agus cur chun cinn na scéime foriomláine.

Is ionann ioncam na scéime BER don bhliain agus €2,429,063 (2017 €2,556,255) ar fágadh caillteanas de €196,436 sa bhliain (2017: €460,618).



## 10. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | TREALAMH & BOGEARR €'000 | CLÁR AN AIGÉIN €'000 | TREALAMH OIFIGE €'000 | SOCRUITHE & FEISTIÚ €'000 | MÓTAR FHEITHICLÍ €'000 | TALAMH & FOIRGNIMH €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COS** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,083 | 1,725 | 11 | 464 | 28 | - | 3,311 |
| Breiseanna[2] | 216 | 2 | - | 82 | 59 | 120 | 479 |
| Diúscairtí | (22) | - | - | - | (28) | - | (50) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **1,277** | **1,727** | **11** | **546** | **59** | **120** | **3,740** |
| **DÍMHEAS** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018 | (980) | (1,678) | (11) | (332) | (28) | - | (3,029) |
| Diúscairtí | 22 | - | - | - | 28 | - | 50 |
| Muirear don Bhliain Reatha | (185) | (25) | - | (211) | (12) | - | (433) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **(1,143)** | **(1,703)** | **(11)** | **(543)** | **(12)** | **-** | **(3,412)** |
| **GLANLUACH LEABHAR AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2018** | **134** | **24** | **-** | **3** | **47** | **120** | **328** |
| **Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2017** | **104** | **45** | **-** | **133** | **-** | **-** | **282** |

## 11. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Conarthaí an AE | 32 | 32 |
| Conarthaí | 47 | 46 |
| Infháltais EPBD | 175 | 170 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,001 | 441 |
| Infháltais eile | 221 | 446 |
| | **1,476** | **1,135** |

## 12. Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha | 606 | 1,341 |
| Fabhruithe | 1,859 | 1,040 |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún | 93 | 94 |
| CBL | 1,578 | 1,430 |
| PSWT | 664 | 382 |
| ÍMAT/ÁSPC | 172 | 147 |
| Suimeanna Iníoctha Eile | 110 | 188 |
| Ioncam Iarchurtha | 530 | 629 |
| | **5,612** | **5,251** |

2. Baineann na breisiúcháin le Daingneáin agus Feistis sa bhliain reatha le hoibreacha a críochnaíodh i dTeach Pháirc Wilton. Dímheastariad seo i gcaitheamh tréimhse dhá bhliain ar aon dul leis an téarma léasa atá fágtha.

## 13. An Cuntas Caipitil

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 282 | 228 |
| **AISTRIÚ (LE) / ÓN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLRAÍ IONCAIM ATHCHÓIRITHE:** | | |
| Suim Chaipitlithe maidir le Sócmhainní Ceannaithe | 479 | 387 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (433) | (333) |
| | 46 | 49 |
| **IARMHÉID AMHAIL AR DHEIREADH NA BLIANA** | **328** | **282** |

## 14. Airgead Tirim agus a Choibhéis

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Cuntas Bainc Reatha | 10 | 9 |
| Cuntas Coigiltis | 3,563 | 2,812 |
| Cuntas EPBD | 1,034 | 1,398 |
| | **4,607** | **4,219** |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Deaigan 2010 | 93 | 94 |
| | **4,700** | **4,313** |

Is é an Cuntas EPBD an cuntas bainc ainmnithe don chlár Rátáil Fuinnimh Foirgneamh (féach Nóta 9).

Tionscadal AE is ea Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 a chistítear faoi FP6 (an séú Creatchlár um Thaighde agus Forbairt Teicneolaíochta). Gníomhaíonn an SEAI mar an gcomhordaitheoir tionscadail, ina bhfuil 23 comhpháirtí i 6 thír Eorpacha. Faigheann an SEAI cistiú thar ceann an tionscadail agus dáileann sé an cistiú seo ar na comhpháirtithe ábhartha. Dá réir, ní áirítear an t-ioncam agus caiteachas i gcuntasioncaim agus caiteachais an SEAI. Tá na cistí ar láimh san áireamh san iarmhéid bainc agus i gcreidiúnaithe, chomh maith. Tá na suimeanna a fuarthas agus ar íocadh astu leagadh amachthíos.

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Cistí ar Láimh an 1 Eanáir | 94 | 94 |
| Fáltais sa Bhliain | - | - |
| Íocaíochtaí/Ús sa Bhliain | 1 | - |
| **CISTÍ AR LÁIMH AMHAIL AN 31 NOLLAIG** | **93** | **94** |

## 15. Costais Sochair Scoir

Oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) scéimeanna neamhchistithe aoisliúntais le sochar sainithe don fhoireann.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann fónaimh agus iarfhoireann an SEAI amhail an 31 Nollaig 2018. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaitheleis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

### A. Anailís ar Chostais Sochair Scoir a Gearradh ar Chaiteachas

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Seirbhísí Reatha | 1,507 | 1,273 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | 601 | 541 |
| Asbhaintí Aoisliúntais Foirne | (283) | (225) |
| **COSTAS PINSIN SA TRÉIMHSE** | **1,825** | **1,589** |

### B. Anailís ar Ghluaiseacht i nDliteanas i rith na bliana

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Dliteanas Scéime amhail an 1 Eanáir | 29,856 | 27,709 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,507 | 1,273 |
| Costas Úis | 601 | 541 |
| Caillteanas/(Gnóthachtan) | (34) | 516 |
| Sochair Íoctha sa Bhliain | (299) | (183) |
| **DLITEANAS AN SCÉIM AMHAIL AN 31 NOLLAIG** | **31,631** | **29,856** |



### C. Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an SEAI na suimeanna seo mar shócmhainn achomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thíos, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Níl aon fhianaise ag SEAI nach leanfar ar aghaidh riar ar na suimeanna dá dhála de réir an chleachtais reatha.

| GLANCHISTIÚ PHINSIN DON BHLIAIN | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú In-aisghabhála Maidir le Deontas Stáit úsáidte chun Pinsin a Íoc | 2,108 | 1,814 |
| Deontas Stáit ar Phinsin Phá | (299) | (183) |
| **COSTAS PINSIN DON TRÉIMHSE** | **1,809** | **1,631** |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2018 agus €31,631,000 (2017: €29,856,000).

### D. Stair Gnóthachan agus Caillteanas

| GNÓTHACHAN (CAILLTEANAIS) SA DLÍTEANAIS | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Suim (€) | (554) | (996) | 725 |
| Céatadán de Luach Reatha na nDliteanas Scéime | (1.7%) | (3.3%) | 2.6% |
| An tSuim Iomlán a Tuairiscítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 34 | (516) | (4,830) |
| Céatadán de Luach Reatha na nDliteanas | (0.1%) | (1.7%) | (17.4%) |

Is ionann an caillteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €11,678,000 (2017: €11,712,000).

### E. Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin tuarastail deiridh shochair shainithe atá sa scéim phinsin ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin na scéime reatha poiblí "samhlaí". Anuas air sin, i gcás ranníocóirí ÁSPC aicme D, soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme A soláthraíonn an scéim pinsean (dhá chéad céad in aghaidh na bliana seirbhíse) suas go tairseach de 3 1/3 uair an ráta bliantúil uasta de phinsean ranníocach an stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana de agus pinsin chéile agus leanaí.

Is í an ghnáthaois scoir breithlá 65 bliain comhalta, agus tá comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thráth 2004 i leith i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ag 60 bliain d'aois. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair") an scéim shochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2012 nó ina dhiaidh ar aon dul leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Forálann an scéim do chnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é an aois phinsin íosta ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Cuimsítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó aois 55. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc i gcomhréir leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 ar luacháil iomlán achtúireach ar an 15 Feabhra 2019 a rinne achtúire neamhspleách cáilithe agus ceanglais an FRS á gcur san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2018.

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh ná:

| | At 31/12/18 | At 31/12/17 | At 31/12/16 |
|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 2.02% | 1.96% | 1.96% |
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | 3.1% | 3.25% | 3.25% |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsin | 3.1% | 3.25% | 3.00% |
| Boilsciú | 1.96% | 1.95% | 1.95% |

Seo a leanas na táblaí ar Dhliteanais mortlaíochta a úsáidtear:

| GNÍOMACH & IARCHURTH | An Réamhscor | Iar-Scor | Pinsinéirí |
|---|---|---|---|
| Fir | 62% den PNML00 | 58% den ILT15 | 58% den ILT15 |
| Mná | 70% den PNFL00 | 62% den ILT15 | 62% den ILT15 |

Bunaithe ar na táblaí seo, is mar seo a leanas an t-ionchas 2017 saoil a bheidh ag aois 65 do fhir agus do mhná sa todhchaí:

| | Pinsinéir (in 2018) ag aois 65 | Pinsinéir (in 2038) ag aois 65 |
|---|---|---|
| Fir | 21.4 bliain | 23.9 bliain |
| Mná | 23.8 bliain | 25.9 bliain |

## 16. Ceangaltais Deontais agus Aisíocaíochtaí Deontais

### (i) Ceangaltais Deontais

Meastar gurbh ionann na híocaíochtaí uasta amach anseo is dóchúil a thiocfaidh aníos ó cheangaltais ina n-iontráiltear faoi scéimeannaéagsúla tacaíochta agus €49.851m (2017: €28.865m).

| | Tiomanta amhail an 1 Eanáir | Geallta le linn na tréimhse | Díghealta | Íocaíochtaí | Gealltа Amhail an 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **AN ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH** | | | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo | 48 | - | (48) | - | - |
| Clár Píolótach Fuinnimh Níos Fearr | 1,020 | 784 | (1,523) | (281) | - |
| Imscrúdú Speisialta ar Chomhaontuithe Fuinnimh | 93 | 7 | (100) | - | - |
| Eiseamláirí | 297 | 13,679 | (184) | (12,328) | 1,464 |
| Limistéir Tithe Níos Teo | 24 | - | (24) | - | - |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 7,363 | 28,076 | (7,734) | (17,095) | 10,610 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 13,856 | 22,558 | (3,900) | (17,681) | 14,833 |
| Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe | 190 | 2,741 | - | (1,554) | 1,377 |
| EXEED | 515 | 3,461 | (118) | (1,539) | 2,319 |
| Iarfheistiú Domhain | - | 8,717 | - | (4,753) | 3,964 |
| Deontais FBM | 114 | 2,119 | (9) | (1,172) | 1,052 |
| **AN FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | | | |
| Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite | 919 | 10,433 | (519) | (3,246) | 7,587 |
| Feithiclí Leictreacha | 1,034 | 13,730 | (874) | (9,796) | 4,094 |
| Aigéan | 3,392 | 1,668 | (426) | (2,083) | 2,551 |
| | **28,865** | **107,973** | **(15,459)** | **(71,528)** | **49,851** |

## 17. Nochtadh ó Pháirtithe Gaolmhara

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an POF agus an Bord, táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus luach saothair iomlán an POF agus €201,653 (2017: €194,226). Chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, féach Nóta 5.1 agus Nóta 18, le do thoil.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. I gcomhréir le Beartas um Choinbhleacht Leasa an SEAI, rinne beirt chomhaltaí Boird leithscéal dóibh féin ó chinneadh Boird dhá uair i rith na bliana chun aon choinbhleacht leasa fhéideartha nó bhraite maidir leis an gClár Pobail Fuinnimh Níos Fearr a sheachaint.



## 18. Táillí agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird

Íocann an SEAI táillí agus costais lena gcomhaltaí Boird i gcomhréir le rialacháin agus ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuir an SEAI cinneadh an Rialtais i bhfeidhm a rinneadh i Márta 2010 i dtaca le táillí do chomhaltaí comhlachtaí stáit. Déantar táillí ball an Bhoird a shlánú go dtí an €'000 is gaire. Íocadh costais chomhaltaí Boird €438 in 2018.

| TÁILLÍ BOIRD | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Julie O'Neill (a) | 12 | 12 |
| Anne Farrell (d) | 6 | 7 |
| Michael Wall (a) | 8 | 7 |
| Lisa Ryan (a) | 8 | 8 |
| Peter Brennan (a) | 8 | 8 |
| Anne Connolly (b) | 0 | 4 |
| Michael Mc Garry (c) | 8 | 8 |
| Patrick Gilroy (e) | 0 | 6 |
| Kate Ruddock (f) | 8 | 7 |
| Kevin Brady (f) | - | - |
| Andrew Ennis (g) | 7 | 4 |
| Ann Markey (g) | 7 | 4 |
| Léan Doody (i) | 1 | - |
| Werner Kruckow (i) | 1 | - |
| Jim Gannon (h) | - | - |
| **TOTAL** | **74** | **75** |

a) Ceaptha an 6 Bealtaine 2015
b) Ar scor an 13 Meitheamh 2017
c) Ceaptha 14 Bealtaine 2013, athcheaptha an 1 Bealtaine 2016 agus athcheaptha den athuair an 3 Deireadh Fómhair 2016
d) Ar scor an 2 Deireadh Fómhair 2018
e) Ar scor an 30 Meán Fómhair 2017
f) Ceaptha an 16 Feabhra 2017
g) Ceaptha an 14 Iúil 2017
h) POF De Bhrí Oifige Ceapadh an 23 Bealtaine 2016
i) Athceaptha an 31 Deireadh Fómhair 2018

| CAITEACHAIS CHOMHALTAÍ AN BHOIRD | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Míleáiste Intíre | - | - |
| Cothabháil Intíre | - | - |
| Eile Intíre | 1 | 1 |
| Táillí Eitleáin Thar Lear | - | - |
| | **1** | **1** |

## 19. Léasanna Oibriúcháin - Áitribh

Tá ceannoifig An SEAI lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath 2 agus tá fo-oifigí lonnaithe i nDún Dealgan, Corcaigh, Sligeach agus Béal an Mhuirthead Contae Mhaigh Eo. Tá léas sealadach áisiúlachta ag an SEAI atá ar bun ón 1 Iúil 2009 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2019 dá Cheannoifig i dTeach Pháirc Wilton.

Athlonnóidh an SEAI an Phríomhoifig in 2019 agus shínigh sé léas áitribh ag Plás na Trí Pháirce, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 ar feadh 25 bliain, i bhfeidhm ón 14 Bealtaine 2018. Athbhreithneofar an cíos gach cúig bliana, agus beidh an chéad cheann de sin cúig bliana ón Dáta Tosaithe Téarma, 14 Bealtaine 2023.

Tá na híocaíochtaí íosta léasa dochealaithe amach anseo seo a leanas ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Laistigh de 1 Bhliain | 1,599 | 461 |
| Laistigh d'idir 2 agus 5 bliana | 7,011 | 374 |
| Breis is 5 Bliana | 33,959 | - |
| **IOMLÁN** | **42,569** | **835** |

Tuairiscítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a fhaigheann an SEAI leas as an áitreabh. Ba í an íocaíocht léas oibriúcháin a aithníodh mar chostas €576,036 (2017: €461,313).

## 20. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain a athaicmiú agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

## 21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 28 Márta 2019.

# Nótaí



# Nótaí

# Nótaí



seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**t** +353 1 808 2100 **e** info@seai.ie **www.seai.ie**